543,000

cás lae ar cuireadh cóireáil orthu

1,269,000

uair ar fhreastail daoine ar Rannóga Éigeandála

594,000

othar cónaitheach ar cuireadh cóireáil orthu

2,779,000

uair ar fhreastail daoine ar rannóga d'othair sheachtracha

11,431,000

uair an chloig de chúnamh baile curtha ar fáil

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS **2006**

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an méid seo a leanas i gcrích le linn 2006:

- **Feabhas ar amanna feithimh i Rannóga Éigeandála (RÉ)**

Líon na nOthar i RÉ de chuid FSS ag 2i.n. ag feitheamh le hiontráil tar éis an chinnidh iad a iontráil (2005 agus 2006)



- **Caighdeánú ar Nósanna Imeachta Náisiúnta chun Feabhas a chur ar Cháilíocht na Seirbhíse**
  - An Fhrámaíocht Náisiúnta um Pleanáil Éigeandála
  - Cigireacht ar Thithe Altranais

- **Luach ar Airgead**
  - Conarthaí Náisiúnta a aontaíodh chun feidhm a bhaint as cumhacht ceannaigh FSS le haghaidh na nithe seo a leanas:
    - Drugaí agus Cóir Leighis
    - Árachas
    - Othercharranna
    - Eastáit

- **Buaicphointí 2006**

• Othair Chónaitheacha ar cuireadh cóireáil orthu	594,059
• Cásanna Lae ar cuireadh cóireáil orthu	542,671
• Líon Uaireanta ar fhreastail daoine ar Rannóga Éigeandála	1,268,991
• Líon uaireanta ar fhreastail daoine ar rannóga d'othair sheachtracha	2,778,602
• Breitheanna	62,745
• Líon uaireanta an chloig de chúnamh baile a cuireadh ar fáil	11,430,570

ISBN 978-1-906218-01-0
© 2007 HSE



Clár na nÁbhar

Réamhrá

Forbhreathnú ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 4

Ráiteas an Chathaoirligh 8

Ballraíocht an Bhoird 10

Ráiteas an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin 12

An Fhoireann Ardbhainistíochta 14

Frámaíocht Dhlíthiúil Tuairiscithe 15

Athbhreithniú ar 2006

Struchtúr an Daonra 19

Sláinte an Daonra 21

Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach 26

Oifig Náisiúnta na nOspidéal 34

Seirbhísí Tacaíochta 41

Ráitis Airgeadais

Athbhreithniú Oibriúcháin agus Airgeadais 53

Tuairisc Bhaill an Bhoird 57

Ráiteas maidir le Freagrachtaí Bhaill an Bhoird 60

Ráiteas maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais . . 61

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 65

Ráitis Airgeadais 67

Polasaithe Cuntasaíochta 71

Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais 75

Aguisíní ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais 91

2006

Réamhrá

Forbhreathnú ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Tá FSS freagrach as seirbhísí sláinte agus seirbhísí pearsanta sóisialta a sholáthar i bPoblacht na hÉireann.

Is é FSS an fostóir is mó sa Stát, le 70,000 duine fosaithe go díreach agus 36,000 duine eile a fhaigheann maoiniú ón eagraíocht. Bhí buiséad FSS de €12.4 billiún ar an mbuiséad is mó a bhí ag aon eagraíocht in earnáil phoiblí na hÉireann i 2006. Cuireann FSS na mílte seirbhís ar fáil, idir sheirbhísí ghéarmhíochaine agus neamh-ghéarmhíochaine.

Seirbhísí uileghabhálacha atá i gceist agus ina measc tá:

- cóireáil a chur ar fáil do dhaoine scothaosta sa phobal
- cúram do leanaí le hiompraíocht dhúshlánach
- obráidí casta a dhéanamh
- srian a chur le scaipeadh galair thógálacha
- oideachas a chur ar dhaoine maidir le saol níos folláine a chaitheamh; agus
- pleanáil le haghaidh éigeandálaí móra.

Ag staid éigin i rith na bliana, bainfidh gach duine in Éirinn úsáid as ceann amháin de na seirbhísí atá ar fáil. Tá na seirbhísí sin ríthábhachtach don daonra iomlán.

Tá trí réimse oibriúcháin ag FSS:

1. Seirbhísí Sláinte agus Seirbhísí Pearsanta Sóisialta

   Sláinte an Daonra
   A chothaíonn agus a chosnaíonn sláinte an daonra ar fad .

   Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach (CPPL):
   A chuireann seirbhísí ar fáil don phobal trí mheán 32 Oifig Sláinte Áitiúil ar fud na tíre.

   Oifig Náisiúnta na nOspidéal (ONO):
   A chuireann seirbhís ar fáil d'ospidéil ghéarmhíochaine ar fud na tíre.

2. Seirbhísí Tacaíochta

   Cuireann na feidhmeanna corparáideacha na seirbhísí tacaíochta a bhfuil gá leo ar fáil chun gur féidir leis an eagraíocht feidhmiú chomh héifeachtach agus chomh costéifeachtach agus is féidir. I measc na seirbhísí sin tá:

   - Oifig an POF;
   - Airgeadas;
   - Acmhainní Daonna;
   - Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide;
   - Eastáit;
   - Soláthar; agus
   - Pleanáil Chorparáideach agus Próisis Rialaithe.

3. Cur i bhfeidhm na Pleanála Straitéisí don Athchóiriú (CFPSA)

   Tacaíonn sé seo le soláthar an Chláir Athraithe 2007-2010

Fíor 1: Réimsí Oibriúcháin



Is é bunchuspóir FSS:

Cuidiú le daoine saol níos folláine agus níos iomláine a chaitheamh.

Struchtúr Eagraíochtúil

Fíor 2: Struchtúr eagraíochtúil FSS



Suíomh Cheithre Limistéar Riaracháin FSS agus 32 Oifig Sláinte Áitiúil FSS

Fíor 3: Ceithre Limistéar Riaracháin agus 32 Oifig Sláinte Áitiúil FSS



Suíomh 52 Ospidéal Géarmhíochaine FSS

Fíor 4: 52 Ospidéal Géarmhíochaine



Grúpa Ospidéal an Iarthair/an Iarthuaiscirt

- Grúpa Ospidéal an Iarthair/an Iarthuaiscirt
- An tOspidéal Ginearálta, Leitir Ceanainn
- An tOspidéal Ginearálta, Sligeach
- Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo, Caisleán an Bharraigh
- An tOspidéal Contae, Ros Comáin
- Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe
- Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh
- Ospidéal Pháirc Mheirlinne, Gaillimh

Grúpa Ospidéal an Oirthuaiscirt

- An tOspidéal Contae, An Lú, Dún Dealgan
- Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha
- Ospidéal Mhuire, An Uaimh
- An tOspidéal Ginearálta, Muineachán
- An tOspidéal Ginearálta, An Cabhán

Grúpa Ospidéal Réigiún an Iarthair-Lár

- Ospidéal Réigiúnach an Iarthair-Lár, An tAonach, Co. Thiobraid Árann
- Ospidéal Réigiúnach an Iarthair-Lár, Inis, Co. an Chláir
- Ospidéal Réigiúnach an Iarthair-Lár, Tuar an Daill, Cathair Luimnigh
- Ospidéal Réigiúnach Máithreachais an Iarthair-Lár, Cathair Luimnigh
- Ospidéal Naomh Eoin, Cathair Luimnigh
- Ospidéal Réigiúnach Ortaipéideach an Iarthair-Lár, Cromadh, Co. Luimnigh

Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh

- Ospidéal an Mater Misericordiae, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Cuimhneacháin Shéamais Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath
- Ospidéal an Rotunda, Baile Átha Cliath
- Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Ortaipéideach Cheapaí, Baile Átha Cliath

Grúpa Ospidéal an Deiscirt

- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh
- Ospidéal Erinville, Corcaigh
- Ospidéal Ortaipéideach Naomh Mhuire, Garrán na mBráthar, Corcaigh
- Ospidéal na Trócaire, Corcaigh
- An Otharlann Theas – Ospidéal Victoria Teoranta, Corcaigh
- An tOspidéal Ginearálta, Mala
- An tOspidéal Ginearálta, Ciarraí, Trá Lí
- An tOspidéal Ginearálta, Beanntraí

Grúpa Ospidéal an Oirdheiscirt

- An tOspidéal Ginearálta, Loch Garman
- An tOspidéal Réigiúnach, Port Láirge
- Ospidéal Ginearálta Naomh Lúcás, Cill Chainnigh
- Ospidéal Ortaipéideach Lourdes, Cill Chainnigh
- An tOspidéal Ginearálta, Tiobraid Árann Theas, Caiseal agus Cluain Meala

Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath agus an Láir

- Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, lena gcuimsítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí
- Ospidéal Ban an Choim, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn, Baile Átha Cliath
- An tOspidéal Ginearálta, An Nás
- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr
- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Tulach Mhór
- An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise

Grúpa Ospidéal Bhaile Átha Cliath Theas

- Ospidéal Naomh Uinseann, Páirc na Leamhán, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Naomh Micheál, Dún Laoghaire
- Ospidéal Naomh Colmchille, Baile Uí Lachnáin, Baile Átha Cliath
- An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Shráid Hume, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Naomh Lúcás, Baile Átha Cliath
- Ospidéal Súl agus Cluas Ríoga Victoria, Baile Átha Cliath
- Ospidéal San Séamas

Dúnadh Ospidéal Craicinn agus Ailse, Sráid Hume, Baile Átha Cliath le linn 2006. Cuireann Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Páirc na Leamhán, Baile Átha Cliath an tseirbhís seo ar fáil anois.

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis áthais dom é a chur in iúl go ndearna FSS dul chun cinn maith le linn 2006 agus tá sé ag éirí níos follasaí go bhfuil buntáistí ag baint le heagraíocht amháin náisiúnta a bheith ann anois ó thaobh soláthar éifeachtach seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta de in Éirinn. Cuireann an Tuarascáil Bhliantúil seo síos ar roinnt mhaith de na tionscnaimh nua agus na feabhsúcháin a cuireadh chun cinn i rith na bliana.

Soláthar Seirbhíse

Leagtar amach i bPlean Seirbhíse Náisiúnta FSS na seirbhísí sláinte agus na seirbhísí sóisialta pearsanta a bhfuil an Fheidhmeannacht tiomanta iad a sholáthar gach bliain. Ghlac an Bord leis an bPlean Seirbhíse le haghaidh 2006 ag tús na bliana agus rinne an tAire Sláinte agus Leanaí faomhadh air. Is cúis áthais dom é a chur in iúl gur chomhlíon FSS mór-riachtanais uile an Phlean laistigh de na hacmhainní airgeadais a leithdháileadh uirthi. Ina theannta sin, tháinig méadú ar an leibhéal gníomhaíochta le linn 2006 i roinnt mhaith réimsí seirbhíse i gcomparáid le 2005.

An straitéis atá ag Bord agus ag Lucht Bainistíochta FSS, tríd is tríd, ná cuidiú le daoine fáil níos fearr a bheith acu ar na seirbhísí sláinte cuí san áit agus ar an mbealach a bhfuil gá acu leo. Chuige seo, is gá athchothromú a dhéanamh ar an gcóras agus atreorú a dhéanamh ar sholáthar cúraim sna suímh is oiriúnaí. Chun go mbeadh sé níos fusa ar dhaoine teacht ar chúram in áiteanna níos cóngaraí dá dtithe cónaithe tá sé ríthábhachtach go leanfaí leis an bhforbairt ar na Foirne Cúraim Phríomhúil agus le seirbhísí DT lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre a sholáthar. Chomh maith leis sin, tá sé an-tábhachtach go laghdófaí an méid atáthar ag brath ar ospidéil ghéarmhíochaine ach feabhas a chur ar sheirbhísí pobail agus feabhas a chur ar infhaighteacht leapacha ospidéil atá níos oiriúnaí.

Maidir le hOspidéil Ghéarmhíochaine, rinneadh dul chun cinn maith le linn 2006 in athmhúnlú ar chóras náisiúnta na n-ospidéal chun feabhas a chur ar chúram agus ar shábháilteacht d'othair. D'fhaomh an Bord an tuarascáil maidir le seirbhísí ospidéil i réigiún an Oirthuaiscirt agus tá obair idir lámha faoi láthair ar chur i bhfeidhm na tuarascála sin. Rinneadh cinneadh i leith shuíomh an Ospidéil Phéidiatraicigh Náisiúnta agus bhí dul chun cinn ann ar an tionscadal maidir le comhshuímh - is é sin ospidéil phríobháideacha ar champais na n-ospidéal poiblí.

Cuireadh tús le forbairtí eile i rith 2006 i roinnt seirbhísí éagsúla. Ina measc - seirbhísí Radaiteiripe, Seirbhísí Duánacha, Meabhairshláinte, Míchumas agus seirbhísí do Dhaoine Scothaosta. Tá cur síos ar na seirbhísí sin níos déanaí sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Le linn na bliana, díríodh go háirithe ar rith na Rannóg Éigeandála agus ar raon tionscnamh a ndéantar maoirseacht orthu faoi Tionscnamh Geimhridh. Mar thoradh air seo laghdaíodh go mór an líon daoine i Rannóga Éigeandála agus an mhoill a bhíonn orthu agus iad ag feitheamh le go n-iontrálfaí iad san ospidéal. Seo d'ainneoin gur tháinig méadú 3.3% ar an líon daoine a d'fhreastail ar Rannóga Éigeandála.

Éisteacht le hOthair agus le Soláthraithe Seirbhíse

Táimid in iúl ar an ríthábhacht a bhaineann héisteacht le hothair agus le soláthraithe seirbhíse, agus feidhmiú i leith a gcúiseanna imní agus a n-ionchuir. Cuireadh tús le dhá thionscnamh thábhachtacha i rith 2006.

Ar an gcéad dul síos, cuireadh ar bun ceithre Shainghrúpa Chomhairleacha (SGCanna), chun a chinntiú go gcuirtear san áireamh an taithí atá acu siúd a sholáthraíonn agus a úsáideann seirbhísí nuair atá seirbhísí á soláthar. Tá ról lárnach ag SGCanna i bhforbairt pholasaí oibríochtúil FSS. Chomh maith leis sin, cheapamar polasaí agus nósanna imeachta le haghaidh láimhseáil gearán agus bhíothas i mbun Oifigigh Gearán a ainmniú faoi dheireadh 2006. Cuideoidh na tionscnaimh seo linn, maille le modhanna aiseolais eile, feabhas a chur ar sheirbhísí ar bhonn leanúnach.

Chomh maith leis sin, le linn 2006, bunaíodh ceithre Fhóram Sláinte Réigiúnacha faoi Chuid 8 den Acht Sláinte, 2004. Faisnéisíonn na Fóraim seo d'FSS ar shaincheisteanna a bhaineann le seirbhísí.

Bainistíocht Airgeadais

Is cúis áthais dom é a dhearbhú gur mhéadaigh FSS leibhéal na seirbhíse i 2006, mar a rinne an bhliain roimhe sin, a chuireann sí ar fáil do dhaonra atá ag fás, taobh istigh de na hacmhainní a cheadaigh Dáil Éireann don Fheidhmeannacht.

Mar eagraíocht amháin náisiúnta, táimid anois níos fearr in ann airgead a shábháil agus a bheith níos éifeachtaí ar fud raon réimsí agus gníomhaíochtaí. Cuireadh tús, le linn 2006, le tionscnaimh thábhachtacha chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus chun costais a laghdú. I measc na dtionscnamh sin bhí an clár Luach ar Airgead (LAA), cur chuige aontaithe don Soláthar agus plean maidir le Seirbhísí Comhroinnte le haghaidh réimsí tábhachtacha tacaíochta. Ó cuireadh ar bun aonfheidhm amháin Eastát, tá cur chuige comhtháite ann don chéad uair agus tá an deis ann anois an luach is fearr a fháil ar ár gcuid sócmhainní maoine agus an úsáid is fearr a bhaint astu.

Rialachas Corparáideach

Le linn 2006, d'fhaomh an Bord Cód Rialachais a bhfuil cur síos air ar leathanach 59. Is é atá sa Chód ná sraith cáipéisí comhghaolmhara agus is orthu atá frámaíocht rialachais FSS bunaithe.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Bord Coiste Riosca, a chuidíonn leis an mBord a dualgais a chomhlíonadh trí athbhreithniú neamhspleách oibiachtúil a dhéanamh maidir le rioscaí neamhairgeadais.

Cuideoidh bealaí nua chun feidhmíocht agus cuntasacht a mheas, le trédhearcacht a sholáthar ar fud an chórais, agus cuideoidh sé seo a chinntiú, don todhchaí, go n-úsáidtear maoiniú ar an mbealach is éifeachtaí chun sochair chúram na n-othar.

Ag Obair le Chéile d'Othair agus do Chliaint

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach éinne ar fud na heagraíochta as an obair thábhachtach a rinne siad, ar bhonn indibhidiúil agus mar fhoireann, d'fhonn ár seirbhísí sláinte agus sóisialta a sholáthar, agus é seo á dhéanamh acu go minic i gcúinsí deacra. Is mór againn díograis agus dúthracht na foirne uile ar fud an chórais, go háirithe ag am a raibh athruithe móra á gcur i bhfeidhm san eagraíocht. Ní mór dúinn go léir a bheith tiomanta feabhas a chur ar chúram na n-othar agus é seo a bheith mar chomhluach againn uile, luach a thiomáineann an obair againn.

D'oibrigh FSS go díreach leis an bhfoireann le linn na bliana, trí mheán a n-eagraíochtaí ionadaíochta, chun dul i ngleic le cúrsaí a bhaineann le hathruithe agus le hatheagrú ar an eagraíocht. Seo próiseas leanúnach agus leanfaimid ag obair air le linn na bliana amach romhainn.

Conclúid

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhbhaill Bhoird as an méid a rinne siad i rith 2006. Tháinig an Bord le chéile 17 n-uaire agus, ina theannta sin, reáchtáladh líon suntasach cruinnithe coiste Boird. Tá an Bord lántiomanta feidhmiú de réir an chuspóra a bhí i gceist lena bhunú.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD agus leis na hAirí Stáit as ucht a dtacaíochta agus as an méid a spreag siad obair FSS.

In ainneoin iliomad dúshlán agus deacrachtaí, thug 2006 leis fíordhul chun cinn i raon leathan réimsí, agus tagraítear do roinnt mhaith de na réimsí sin sa tuarascáil bhliantúil seo. Táim ag tnúth leis an mbliain atá romhainn agus dul chun cinn níos gasta a dhéanamh, chomh maith le cur i bhfeidhm na dtionscnamh iomadúil atá faoi lán seoil, chun sochair ár n-othar agus ár gcliant.

An tUasal Liam Downey
Cathaoirleach
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Ballraíocht an Bhoird

An tUasal Liam Downey

An tOllamh Niamh Brennan

An Dr Dónal de Buitléir

An tOllamh Brendan Drumm

An tUasal PJ Fitzpatrick

An Dr Maureen Gaffney

An tUasal Joe Macri

An tUasal Eugene McCague

An tUasal Michael McLoone

An tOllamh Michael Murphy

An tOllamh John A Murray

An tOllamh P Anne Scott

Is Iar-Phríomhfheidhmeannach é Liam Downey ar Becton Dickinson Ireland, cuideachta teicneolaíochta leighis. Is Iar-Uachtarán é ar Chónaidhm Fhostóirí na hÉireann agus bhí sé ina Iontaobhaí agus ina bhall de Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta IBEC. Is Iar-Chathaoirleach é ar Chumann Gairis Leighis na hÉireann agus is ball é den Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Is céimí é de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus is Comhalta é d'Fhoras Bainistíochta na hÉireann.

Tá an tOllamh Niamh Brennan, cuntasóir cairte, ina hOllamh Michael MacCormac le Bainistíocht i gColáiste na hOllscoile BÁC. Tá sí ina Stiúrthóir Acadúil ar Ionad Institiúid na Stiúrthóirí um Rialachas Corparáideach ag Coláiste na hOllscoile BÁC. Bhí an tOllamh Brennan sa Chathaoir ar an gCoimisiún um Bainistíocht Airgeadais agus Córais Rialúcháin sa tSeirbhís Sláinte.

Tá an Dr. Dónal de Buitléir ina Bhainisteoir Ginearálta, Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh le AIB Group. Sula raibh sé le AIB, bhí sé ina Rúnaí Cúnta in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, agus bhí sé ina Rúnaí ar an gCoimisiún Cánachais 1980-1985. Bhí an Dr. de Buitléir ina bhall den Choimisiún um Bainistíocht Airgeadais agus Córais Rialúcháin sa tSeirbhís Sláinte. Tá sé ina Chathaoirleach ar Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse, grúpa a bunaíodh faoin gclár 'Towards 2006', an Fóram Rialaithe Gnó agus an Fhondúireacht um Staidéar Fioscach. Is Iontaobhaí é ar Chomhaltachtaí Eisenhower.

Is é an tOllamh Brendan Drumm Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Sa bhliain 1981 ceapadh mar Ghaistreintreolaí Péidiatraice Comhairleach é agus mar Ollamh Cúnta in Ollscoil Toronto agus i 1989 ceapadh é ina Phéidiatraí Comhairleach in Ospidéal Réigiúnach Luimnigh. I 1991 ceapadh é mar Ollamh agus mar Cheannaire ar an Roinn Péidiatraice i gColáiste na hOllscoile BÁC agus mar Ghaistreintreolaí Péidiatraice Comhairleach in Ospidéal Mhuire do Leanaí Easlána, Cromghlinn. Tá an tOllamh Drumm ina léirmheastóir ar 20 foilseachán, ina bhall den bhord eagarthóireachta ar thrí fhoilseachán agus tá beagnach 100 lámhscríbhinn, caibidil leabhar agus léirmheas dá chuid foilsithe.

Tá P.J. Fitzpatrick ina Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar an tSeirbhís Chúirteanna. Is é an chéad duine é a raibh an post seo aige riamh agus d'éirigh leis bainistiú a dhéanamh ar bhunú na Seirbhíse Cúirteanna mar ghníomhaireacht nua neamhspleách reachtúil. Bhí post aige cheana mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar Bhord Sláinte an Oirthir. Tá céim MSc aige in Iompar Eagrúcháin ó Choláiste na Tríonóide BÁC.

Tá an Dr. Maureen Gaffney ina Cathaoirleach ar an bhFóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (NESF). Iar-Choimisinéir um Athchóiriú an Dlí atá inti; Cathaoirleach ar an gCoiste Náisiúnta Monatóireachta don Chlár Athbheochana Ceantair trí Phleanáil, Infheistiú agus Forbairt faoin bPlean Forbartha Náisiúnta; Cathaoirleach ar Chomhairle Ombudsman Árachais na hÉireann agus ball de Chomhairle na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Síceolaí atá inti go gairmiúil agus is Iar-Stiúrthóir í ar an gClár Dochtúireachta i Síceolaíocht Chliniciúil i gColáiste na Tríonóide BÁC.

Tá Joe Macri ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Microsoft Ireland. Is ball é de Bhord Bainistíochta ICT Ireland, de Chomhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta IBEC agus cheap an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Mícheál Martin T.D., ina Chathaoirleach é ar an bhFóram um Ghnólachtaí Beaga i mí Iúil 2005. Saoránach de chuid na hAstráile é, agus tá MBA aige ó Warwick Business School (An Bhreatain) agus céim BSc ó Ollscoil Sydney (An Astráil).

Is aturnae é Eugene McCague agus Cathaoirleach ar Arthur Cox. Is céimí é de chuid UCD é agus Uachtarán ar Chumann Lucht Tráchtála Bhaile Átha Cliath. Is ball é de Bhord Co-operation Ireland agus iar-chathaoirleach ar bhord rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Tá Michael McLoone ina Bhainisteoir Contae le Comhairle Contae Dhún na nGall ó 1994 i leith. I 1988 d'imigh sé ar iasacht go hOspidéal Beaumont mar Phríomhfheidhmeannach. Ceapadh ina Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn é i 1997. Bhí an tUasal McLoone ina Chathaoirleach ar Bhord Fuilaistriúcháin na hÉireann ó Mheán Fómhair 2001 go dtí Meán Fómhair 2002. Bhí sé ina bhall den Choimisiún um Bainistíocht Airgid agus Córais Rialaithe sa tSeirbhís Sláinte.

Tá an tOllamh Michael Murphy ina Uachtarán ar Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus ina iar-Dhéan ar Dhámh an Leighis agus na Sláinte, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. I measc na bpost acadúil aige bhí Comhaltacht Iarchéime sa Chógaseolaíocht Chliniciúil ag an Royal Postgraduate Medical School, Ospidéal Hammersmith, Londain agus Ollscoil Londain (1980-84), Dámh Ollscoile Chicago (1984-1992), agus Cathaoirleach ar Chógaseolaíocht Chliniciúil (1989-92) agus Stiúrthóir ar an Hypertension Programme (1986-92). Is Iar-Cathaoirleach é ar Bhord Taighde Sláinte na hÉireann.

Tá an tOllamh John A Murray ina Ollamh le Gnó, An Scoil Staidéir Ghnó, Coláiste na Tríonóide BÁC. Bhí sé ag teagasc cheana i scoileanna gnó san Eoraip, san Áise agus i Meiriceá. Tá sé ina Uachtarán ar Institiúid Margaíochta na hÉireann agus ina Chathaoirleach ar Bhord an Fhorais Riaracháin agus ina iar-bhall de bhord Ospidéal San Séamus. Bhí sé ina bhall den Choiste Stiúrtha don Iniúchadh ar Struchtúir & Feidhmeanna an Chórais Sláinte a ghlac Prospectus Ltd. air féin don Roinn Sláinte agus Leanaí.

Tá an tOllamh P Anne Scott ina Leas-Uachtarán ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus roimhe sin bhí post aici mar Ollamh le hAltranas agus Ceannaire ar Scoil an Altranais ag DCU. Bhí poist acadúla aici cheana in Ollscoil Sterling, in Ollscoil Caledonian i nGlaschú agus in Ollscoil Ghlaschú. Tá an tOllamh Scott ina ball faoi láthair d'Údarás Rialaithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus de Bhord an Bhoird Taighde Sláinte. Bhí sí ina ball cheana de Bhord Gobharnóirí Ospidéil Naomh Uinseann, Fionnradharc.

Ráiteas an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin

Cé go gcuimhneofar ar 2005 mar an bhliain inar tháinig FSS i bhfeidhm in ionad 17 bord sláinte agus gníomhaireachtaí éagsúla, ba í 2006 an bhliain inar thugamar comhsheasmhacht agus freagracht níos mó isteach.

I dtosach báire, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann uile atá fostaithe go díreach nó go hindíreach ag FSS as ucht a ndíograis agus iad ag cur ar chumas na ndaoine ar fad a bhfreastalaímid orthu saol níos folláine agus níos iomláine a chaitheamh.

Thug 2006 a lán dúshlán leis do roinnt mhaith dochtúirí, altraí, comhairleoirí, teiripeoirí, riarthóirí agus bainisteoirí. Bíodh is gur cuid nádúrtha é seo de chlár mór athraithe ar bith, cuireadh tionscnaimh ar bun i rith na bliana chun cuidiú leis an bhfoireann na deiseanna úra a thagann le hathrú mar seo a thapú. Cé nach bhfuil an próiseas seo thart go fóill, tá dul chun cinn fiúntach déanta.

Feabhas ar Sheirbhísí

Sa tréimhse athraitheach seo, agus a bhuíochas le díograis agus dúthracht na mílte ball foirne, tá an iliomad seirbhísí den chéad scoth á gcur ar fáil againn i gcónaí. Tá a lán seirbhísí feabhsaithe agus tiocfaidh feabhas ar a lán eile.

Mar shampla, i 2006 tháinig laghdú suas le 60% ar an méid daoine a bhí ag feitheamh i Rannóga Éigeandála le hiontráil san ospidéal, cé gur mhéadaigh an méid daoine a bhí ag teacht isteach. An Tionscnamh Geimhridh is cúis leis seo (féach lch33) rud a thug leis comhoibriú agus ceannaireacht áitiúil i measc seirbhísí ospidéil agus pobail ar leibhéal nach bhfacthas cheana.

Tá ar chumas 80% den phobal Dochtúir Teaghlaigh (DT) a fheiceáil san oíche agus ag an deireadh seachtaine tríd an tseirbhís dochtúra teaghlaigh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre. I dTuaisceart Bhaile Átha Cliath d'osclaíomar cúig ionad cóireála lánfheistithe atá oscailte gach oíche agus deireadh seachtaine chun cúram práinneach DT a sholáthar, gan feitheamh ar bith i gceist, nach mór.

Le linn 2006 chuireamar tús le clár cúig bliana chun 500 Foireann Cúraim Phríomhúil a bhunú ar fud na tíre. Is féidir leo seo suas le 90% den chúram sláinte agus sóisialta atá de dhíth ar dhaoine laistigh dá bpobail féin a sholáthar, mar na seirbhísí DT, teiripe shaothair, fisiteiripe, obair shóisialta agus mar sin de.

Is mar thoradh ar shaothair na foirne, na nDochtúirí Teaghlaigh agus ceannaireacht na gcomhlachtaí ionadaíochta a tháinig na tionscnaimh seo chun cinn.

Tá na céadta sampla eile le feiceáil ar fud na tíre de chásanna ina bhfuil an fhoireann féin ag feabhsú na seirbhísí. Laghdaigh an tIonad Urlabhra agus Teanga amanna feithimh do mheasúnuithe tosaigh ó cheithre mhí go sé seachtaine trí mhodh oibre na foirne a athrú. Laghdaíodh liostaí feithimh ortaipéideacha trí chur chuige ildisciplíneach foirne a thabhairt isteach maidir le measúnú othair le pian droma. I gceann dár bpríomhospidéil tháinig laghdú suas le 80% ar amanna feithimh nuair a cuireadh próisis nua i bhfeidhm.

Sa réimse cúraim do dhaoine scothaosta, i 2006, fuair tuairim is 5,300 duine breise Pacáistí Cúraim Bhaile, ina raibh altranas sláinte poiblí, cúntóir baile, fisiteiripe agus teiripe shaothair san áireamh, chun cabhrú leo fanacht ina dtithe cónaithe féin níos sia. Chuireamar cúram fadtréimhseach ar fáil do 1,050 duine breise, leis.

Rialú Buiséid

Chomh maith le seirbhísí breise a sholáthar, níos tapúla, táimid tar éis feidhmiú laistigh den bhuiséad a bhí ar fáil dúinn. Choinnigh FSS smacht níos fearr, freisin, ar líon na ndaoine a bhí fostaithe againn.

Bhí buntáiste suntasach le feiceáil, chomh maith, i rith na bliana toisc go raibh ar ár gcumas feidhmiú mar cheannaitheoir aonarach náisiúnta. Sábhálfar breis is €300 milliún le tionscadail i réimsí mar chógaisíocht, otharcharranna agus árachas sna cúig bliana atá romhainn.

Clár Athraithe

Ceann de na tionscadail eagraíochtúla ba thábhachtaí a thosaíomar i mbliana ba ea lainseáil an Chláir Athraithe 2007-2010. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas an toradh a shamhlaímid romhainn a chur i gcrích agus **fáil a bheith go héasca ag gach duine ar chúram den chéad scoth agus ar sheirbhísí a mbeidh muinín ag an bpobal astu agus a mbeidh bród orainne iad a sholáthar.**

Agus an Clár Athraithe á ullmhú d'oibríomar go dlúth le páirtithe leasmhara éagsúla agus leagann an clár amach go soiléir an méid atá le déanamh againn, an méid a theastaíonn uainn a bhaint amach agus an bealach ina ndéanfaimid é.

Leagann an Clár sé mhórthosaíocht amach dúinn:

- Turais simplithe d'othair;
- Fáil níos éasca ar chúram príomhúil;
- Fáil níos éasca ar ospidéil den chéad scoth;
- Tuilleadh cláir breoiteachta ainsealacha;
- Caighdeáin ata níos trédhearcaí agus intomhaiste; agus
- Baint níos mó ag an bhfoireann leis an athrú.

Táimid ag díriú anois ar na tosaíochtaí seo a bhaint amach le sraith tionscadal nasctha ag a bhfuil cuspóirí, beartais, clocha míle agus freagrachtaí ar leith.

Ré Nua

Ta ré nua tosaithe i gcúrsaí cúraim shláinte agus shóisialta. Glactar anois leis nach féidir linn rudaí a dhéanamh mar a rinneadh cheana má tá athrú á éileamh ag an am céanna. Ní féidir an dá thrá a fhreastal.

Tá tomhas comhsheasmhach, freagracht agus rialú mar dhlúthchuid anois den bhealach ina dtéimid i mbun gnó. An fhreagracht is mó atá orainn ná a bheith freagrach don phobal. Is le cur chuige smachtaithe mar seo a chinnteoimid go gcaitear an maoiniú go léir ar thacaíocht do sheirbhísí a sholáthróidh cúram níos fearr d'othair.

Ní hionann sin is a rá nach bhfuil dúshláin romhainn. Ach táimid níos ábalta anois tacú lena chéile agus oibriú lena chéile chun ár sprioc a shroicheadh agus seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta a bheith againn nach bhfuil a shárú le fáil áit ar bith ar domhan. An Clár Athraithe atá mar threoir dúinn chun a chinntiú go gcloímid go daingean leis an gcuspóir seo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Bord na Feidhmeannachta as a gcuid tacaíochta agus le Michael Scanlan, Rúnaí Ginearálta na Roinne Sláinte agus Leanaí agus lena oifigigh siúd as a dtacaíocht agus a gcúnamh leanúnach.

An tOllamh Brendan Drumm
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Amhail an 31 Nollaig 2006

An tOllamh Brendan Drumm
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

An tUasal Aidan Browne
Stiúrthóir Náisiúnta ar Chúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach

Ann Doherty Uasal
Stiúrthóir Náisiúnta ar Phleanáil Chorparáideach agus ar Phróisis Rialaithe

An Dr Patrick Doorley
Stiúrthóir Náisiúnta ar Shláinte an Daonra

An tUasal Michael Flynn
Stiúrthóir Náisiúnta ar Iniúchadh Inmheánach

An tUasal Brian Gilroy
Stiúrthóir Náisiúnta ar Eastáit

An tUasal Tommie Martin
Stiúrthóir Náisiúnta ar Oifig an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin

An tUasal Martin McDonald
Stiúrthóir Náisiúnta ar Acmhainní Daonna

Laverne McGuinness Uasal
Stiúrthóir Náisiúnta ar Sheirbhísí Comhroinnte

An tUasal John O'Brien
Stiúrthóir Náisiúnta ar Oifig Náisiúnta na nOspidéal

An tUasal Liam Woods
Stiúrthóir Náisiúnta ar Airgeadas

An tUasal Leo Stronge
Ceannasaí Soláthair

An tUasal Damien McCallion
Ceannasaí Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Frámaíocht Dhlíthiúil Tuairiscithe

Faoin Acht Sláinte 2004 ní mór do FSS Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí, lena n-áirítear:

- Tuairisc maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh;
- Tuairisc maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Seirbhíse;
- Tuairisc maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Chaipitil;
- Tásc ar shocruithe an Fheidhmeannaigh maidir le cur i bhfeidhm a Chóid Rialaithe (féach lch59); agus.
- Tuairisc maidir le líon agus le cineál na ngearán a fuarthas, maidir lena bhfiosrú, lena n-athbhreithniú agus lena réiteach (féach lch47).

Plean Corparáideach

I mí Dheireadh Fómhair 2005 ghlac an tAire Sláinte agus Leanaí go foirmiúil le Plean Corparáideach FSS i leith na tréimhse 2005-2008. Bhí rólanna éagsúla ag an bPlean Corparáideach. Tugadh breac-chuntas ann ar chlár FSS don tréimhse, aithníodh ár bhfreagraí don Straitéis Náisiúnta Sláinte (Cáilíocht agus Cothroime), léiríodh cinntí polasaí an Bhoird agus aird ar pholasaithe agus ar thosaíochtaí náisiúnta eile. Leagadh amach treoir na seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta sa todhchaí agus bhí plean ardleibhéil san áireamh a rinne na príomhtháirgí insoláthartha a aithint atá le cur i bhfeidhm faoin bPlean Seirbhíse Náisiúnta (PSN) bliantúil agus próiseas pleanála gnó gaolmhar.

Leagann an PSN amach conas a fheidhmímid de réir an Phlean Chorparáidigh ar bhonn bliantúil. Déantar é seo a thacú le próiseas cuimsitheach pleanála gnó (lena n-áirítear framaíocht monatóireachta ar fheidhmíocht) chun a sholáthar ag FSS a éascú.

An Plean Seirbhíse Náisiúnta

Tugann an Plean Seirbhíse Náisiúnta (PSN) 2006 breac-chuntas ar leibhéal na seirbhíse sóisialta sláinte agus pearsanta atá le soláthar ag FSS don bhliain, laistigh de leithdháileadh vótáilte ag an Oireachtas mar a fhoilsítear i Leabhar na Meastachán Leasaithe, agus de réir pholasaí an rialtais maidir le rialú fostaíochta sa chóras sláinte. Leis an PSN, tá ráiteas FSS maidir le hioncam agus caiteachas measta a bhaineann leis an bPlean, agus an Plean Caipitil don bhliain (de réir mar a theastaíonn faoi Alt 31 den Acht).

Tacaítear leis an PSN le pleananna gnó mionsonraithe, a aithníonn conas a bhaintear spriocanna agus gníomhartha sa PSN amach ag gach leibhéal den chóras soláthair sláinte.

Chun forfheidhmiú maith an PSN agus pleananna gnó gaolmhara, mar aon le freagracht ina leith, a chinntiú, cuireadh Frámaíocht Monatóireachta ar Fheidhmíocht i bhfeidhm i 2006. Chinntigh an Fhrámaíocht seo go ndearnadh monatóireacht ar gach leibhéal de FSS mar aon le gnóthachtáil na spriocanna laistigh de na hacmhainní leithdháilte agus de na leibhéil faofa fostaíochta.

Sonraíonn an Fhrámaíocht frámaí ama maidir le críoch na dTuairiscí Monatóireachta ar Fheidhmíocht atá le cur i gcrích gach mí agus gach ráithe. Ina theannta sin, tugann sé breac-chuntas ar fhormáid na dtuairiscí seo, lena n-

áirítear measúnú cainníochtúil cáilíochtúil ar ár bhfeidhmíocht.

Déantar monatóireacht ar an bhfeidhmíocht trí thuairisciú ar na cuspóirí agus na gníomhartha a gcuirtear síos orthu sa PSN, bearta gnímh agus feidhmíochta (lena n-áirítear Sraith Náisiúnta de Tháscairí Feidhmíochta) mar aon le feidhmíocht airgeadais agus acmhainní daonna.

A bhuíochas lenár gcur chuige caighdeánaithe i leith mhonatóireacht ar fheidhmíocht FSS, bhíothas in ann maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Phlean Chorparáidigh agus an PSN, agus Tuairiscí Monatóireachta ar Fheidhmíocht míosúla agus ráithiúla a sholáthar de réir na ndualgas reachtúil chun freagairt don Aire Sláinte agus Leanaí i leith seirbhísí a sholáthar mar a shonraítear sa Phlean.

An Plean Caipitil

Ba é €555.5m luach an tsoláthair chaipitil ceadaithe ag an Roinn Airgeadais agus san áireamh sa Vótáil do FSS i 2006. B'ionann an caiteachas caipitil iomlán don bhliain agus €457.8 m, lena n-áirítear €26m do na tionscadail a thacóidh leis an gclár céime altranais. Bhí caitheachas breise ann toisc tionscadail chaipitil a fuair maoiniú ó ranna rialtais - An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta san áireamh.

Ceann de na cúiseanna leis an bhfaoichaiteachas seo ná nach ndearnadh an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis ar chúpla mórthionscadal (e.g. an tionscadal d'Ospidéal an Mater agus an tionscadal Náisiúnta Athshlánaithe). Cúis eile a bhí leis ná go rabhthas ag aistriú chuig struchtúir nua don mhonatóireacht chaipitil agus struchtúir nua bhainistíochta.

Chuathas i ngleic leis na saincheisteanna sin le haghaidh 2007. Tá an próiseas seo á bhainistiú ag an Stiúrthóireacht Eastát, ag Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach, ag Oifig Náisiúnta na nOspidéal agus ag Coistí Stiúrtha.

Ba iad na príomhthosaíochtaí caipitil i 2006 ná:

- Tionscadail aonair a sholáthar;
- Bainistíocht a dhéanamh ar an leithdháileadh caipitil laistigh de na hacmhainní atá ar fáil
- Cur le cumas na Feidhmeannachta chun Plean Caipitil a phleanáil agus a sholáthar go neamhspleách

Tábla 1: Mórfhorbairtí caipitil i 2006

Géarmhíochaine	Neamh-ghéarmhíochaine
Cinneadh chun dul ar aghaidh leo seo a leanas: • Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach • Ospidéal Réigiúnach nua don Oirthuaisceart • Tairiscintí a lorg d'Ospidéil Phríobháideacha Chomhlonnaithe ar shuímh na nOspidéal Poiblí. Cuireadh maoiniú ar fáil dóibh seo a leanas: • Sraith de Tholglanna Iontrála a thógáil chun an brú i Rannóga Éigeandála a laghdú. Osclaíodh seacht dtolglann Iontrála. Leanadh le pleanáil dóibh seo a leanas: • Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae • Ospidéal Ginearálta Loch Garman • Ospidéal Ginearálta na hInse • Ospidéal Nás na Ríogh, Céim 3C • Rannóg Éigeandála, Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha. Leanadh le forbairtí ar: • Ospidéal Cuimhneacháin Shéamais Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir • Ospidéal Réigiúnach, Port Laoise.	Fuarthas • 350 leaba fadtréimhseach poiblí i gceantar Bhaile Átha Cliath agus 200 leaba i gceantar Chorcaí/ Chiarraí chun an brú ar leapacha géarmhíochaine sna ceantair seo a laghdú. Cuireadh: • 100 leaba breise ar fáil i nGort na Silíní agus iarradh tairiscintí ar 250 leaba. Rinneadh dul chun cinn sa phleanáil maidir leo seo a leanas: • Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin • Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalair • Athfhorbairt ar Clonbrusk i mBaile Átha Luain.. Críochnaíodh an obair thógála orthu seo a leanas: • Aonad Cíoch-Scrúdaithe i gCorcaigh agus i nGaillimh • Saoráid an Chúraim Phríomhúil, Phobail agus Leanúnaigh Bhaile Munna • Ospidéal Poiblí Naomh Eoin, Loch Garman • Ospidéal Poiblí Dhurlais.

Cás-Staidéar

The Children’s Sunshine Home

Bhí an bua iomlán ag an Children’s Sunshine Home sna Gradaim Nuálaíochta 2006 as ucht seirbhísí cúraim mhaolaithigh a fhorbairt do leanaí.

Is seirbhís ar leith í The Children’s Sunshine Home do leanaí le breoiteachtaí atá teorantach nó bagrach don bheatha. Tá an tseirbhís á tairiscint mar chlár faoi leith do gach cás a chuireann an teaghlach go léir san áireamh agus cinntí á ndéanamh agus cúram á thabhairt do leanaí atá an-bhreoite nó ag fáil bháis.

Le dhá bhliain anuas chonacthas méadú ar líon na gcásanna de leanaí an-bhreoite ag lorg tacaíochta a atreoraíodh chuig The Children’s Sunshine Home. Déantar freastal ar na riachtanais an-chasta atá ag na leanaí seo trí sheirbhísí íoschéimnithe a sholáthar do leanaí ó ospidéil ghéarmhíochaine leanaí agus ó aonaid chúraim speisialta naíonán sna hospidéil mháithreachais. Chomh maith le cabhrú le teaghlaigh déileáil leis an bprognóis, nuair is féidir é, tacaítear le teaghlaigh le go ndéanfaí cúram dá leanbh sa bhaile. Dírímid ar cháilíocht agus ar chaighdeán na beatha chun go gcuirfí beatha i saol an linbh seachas laethanta curtha lena bheatha.

Níl sa scéal ag Brenda, Niall agus a n-iníon Vanessa ach sampla amháin den bhealach ina ndearna The Children’s Sunshine Home difríocht i saol linbh agus a dteaghlach

Ár n-iníon Vanessa

Díreach agus an pointe sroichte againn go rabhamar cloíte amach is amach i dtaca le Vanessa (bhíomar tar éis cúram a dhéanamh di sa bhaile ar feadh breis is naoi mbliana) fuaireamar áit di sa Children’s Sunshine Home. Anois braithimid gur “gnáth” theaghlach muid. Is féidir linn dul in áiteanna le Steven agus Juliette, laethanta saoire a phleanáil agus gan orainn an t-ualach ollmhór a ghabhann le leanbh faoi mhíchumas trom a iompar linn féin. Tá súil againn go mothaíonn Vanessa gur baile chomh mór céanna atá sa Children’s Sunshine Home di agus atá inár mbaile féin. Tá a fhios againn go bhfuil sí compordach agus ar a suaimhneas san áit gheal fhairsing sin agus táimid ag súil go mbeidh sí sa bhaile sa Children’s Sunshine Home i gcónaí.

Tá Vanessa ag fulaingt le héislinn throm mheabhrach agus fhisiceach a fhágann spleách í go hiomlán. Déanaimid iarracht í a bheith sa bhaile linn nach mór gach deireadh seachtaine, ach is faoiseamh iontach é a fhios a bheith againn nach dualgas é seo agus gur féidir linn í a thabhairt ar ais isteach sa Children’s Sunshine Home má éiríonn cúrsaí ró-bhroidiúil sa bhaile. Is deacair caighdeán saoil teaghlaigh ar bith a bheith againn gan an obair iontach a dhéanann an Children’s Sunshine Home. Is mór an chabhair é a bheith ábalta labhairt lenár n-oibrí bunriachtanach Evelyn nó lenár n-oibrí tacaíochta teaghlaigh Brenda. Is iontach an smaoineamh é seo agus braithimid gur féidir linn teagmháil a dhéanamh leis na daoine seo má tá fadhb ar bith againn agus tá muinín againn as an gcumas atá acu saincheist ar bith a thabhairt chun críche.

Fisiteiripeoirí Cairte ó Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge ar a mBogadh Bliantúil ar Lá na Sláinte

Athbhreithniú ar 2006

Struchtúr an Daonra

Tháinig mórathrú ar dhaonra na hÉireann le blianta beaga anuas, agus tá a thionchar le feiceáil ar raon na seirbhísí a chuireann FSS ar fáil agus ar an gcaoi a ndéantar iad a sholáthar.

An Daonra is mó Fáis san AE

Léirigh Daonáireamh na Príomh-Oifige Staidrimh 2006 go raibh 4,239,848 duine ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann i 2006 i gcomparáid le 3,917,203 i 2002. Leis an méadú de 8.2% i gceithre bliana, tá an daonra ag an leibhéal is airde ó 1861 i leith.

I dTábla 2 léirítear gur mhéadaigh ár ndaonra ag meánráta bliantúil 1.6% idir 1996 agus 2006. Is é seo ráta fáis an daonra is airde san Aontas Eorpach.

An Daonra ag Dul in Aois

Rud eile atá soiléir ó Thábla 2 ná gur tháinig méadú ar gach aoisghrúpa seachas an aoisghrúpa 10-19. Is ar an aoisghrúpa 50-59 is mó a tháinig ardú ó thaobh céatadáin de. Tá an méadú 24.9% san aoisghrúpa 80+ tábhachtach do sholáthar na seirbhísí sláinte. De réir mar a théann an daonra in aois, méadóidh na galair ainsealacha agus teastóidh níos mó seirbhísí sláinte pobalbhunaithe ionas gur féidir le daoine leanúint ar aghaidh ina gcónaí ina bpobal féin.

Tábla 2: Daonra de réir Aoise 1991-2006

Aois ghrúpa	1996	2002	2006	% an athraithe 1996-2006
0-9	533,337	541,720	590,577	+10.7%
10-19	665,623	598,896	564,129	-15.2%
20-29	552,399	641,027	715,553	+29.5%
30-39	516,605	595,582	671,466	+30.0%
40-49	465,841	521,588	576,074	+23.7%
50-59	340,454	428,137	472,396	+38.8%
60-69	264,755	287,726	325,123	+22.8%
70-79	196,639	201,944	211,618	+7.6%
80+	90,434	100,583	112,912	+24.9%
Iomlán	3,626,087	3,917,203	4,239,848	+16.9%

Foinse: Tuairiscí Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh

Fíor 5: Daonra de réir Limistéir FSS 1996-2006



Teaghlaigh níos lú

Nuair a thagann athrú ar struchtúr an daonra, athraíonn sláinte agus stádas sóisialta an daonra leis. Is cosúil go laghdófar cumas bhaill an teaghlaigh chun aire a thabhairt dá chéile mar a rinneadh san am atá thart toisc teaghlaigh a bheith níos lú.

Glan-imirce Dhearfach

Faoi láthair, tá níos mó daoine ag teacht chun cónaithe in Éirinn ná mar atá ag fágáil na tíre. Mar gheall ar ghlan-imirce dhearfach ár ndaonra, beidh ar FSS seirbhísí sláinte agus chúraim sóisialta a sholáthar do mheascán ileitneach de chultúir.

Struchtúr an Teaghlaigh

Tá tionchar ag athruithe eile ar fholláine dhaoine fásta agus leanaí agus dá réir sin cuireann siad brú ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Ar na hathruithe seo, tá:

- méadú i gcliseadh pósta;
- an gá go mbeadh an dá pháirtí i bpósadh nó i gcaidreamh i bhfostaíocht íoctha; agus
- turais fhada chun na hoibre ag go leor daoine.

An Tionchar atá ag Athruithe Déimeagrafacha ar Sheirbhísí Sláinte

De réir na dteilgean daonra ón bPríomh-Oifig Staidrimh, d'fhéadfadh an daonra leanúint ar aghaidh ag fás agus 5.8 milliún duine a bheith ann i 2036. Léiríonn Fíor 7 an t-athrú measta sa daonra de réir aoisghrúpa. Cuirtear spéis ar leith san fhás réamh-mheasta sna haoisghrúpaí 45-64 agus 65+. Beidh ar ranna seirbhísí sláinte an struchtúr daonra atá ag athrú a chur san áireamh.

Príomhchúiseanna Báis

Tá galair sa chóras imshruthaithe ar an bpríomhchúis bháis in Éirinn. Ina dhiaidh sin, tá ailse, galair riospráide agus gortuithe agus nimhithe ar na cúiseanna is mó leis, mar a léirítear thíos.

Fíor 7: Príomhchúiseanna Báis



Fíor 6: Teilgin Daonra 2007-2036, Eachtarshuite ó Theilgin Daonra na Príomh-Oifige Staidrimh



Sláinte an Daonra

Tá Sláinte an Daonra freagrach as sláinte an phobail iomláin a chothú agus a chosaint, le béim ar leith ar neamhionannais sláinte a laghdú. Déanann siad taighde agus faisnéis a bhailiú ar na seirbhísí sláinte ar féidir le FSS iad a úsáid chun cinntí corparáideacha a dhéanamh. Ina theannta sin, oibríonn siad d'fhonn:

- galair thógálacha a ghrinniú, a bhainistiú agus a smachtú;
- a chinntiú go bhfuil pleananna cuí ann i leith éigeandálaí sláinte an phobail;
- polasaithe maidir le sláinte an phobail a fhorbairt;
- cláir chothaithe na sláinte a chur i bhfeidhm; agus
- sláinte an phobail a fheabhsú trí chomhoibriú le hearnálacha eile lasmuigh de FSS.

I measc na príomhréimsí oibre ag Sláinte an Daonra tá:

- Health Intelligence;
- Cothú Sláinte;
- Cosaint Sláinte;
- Pleanáil Straitéiseach; agus
- Pleanáil d'Éigeandálaí.

Forbairtí Tábhachtacha i Sláinte an Phobail i 2006

Health Intelligence

Health Atlas Ireland

Is tionscadal nuálaíoch é Health Atlas Ireland a chomhtháthaíonn:

- teicneolaíochtaí na gcóras faisnéise tíreolaíocha (mapáil);
- faisnéis maidir le bunachair shonraí a bhaineann le cúrsaí sláinte; agus
- teicnící staidrimh.

Sampla amháin den chaoi ar féidir Health Atlas a úsáid ná an tseirbhís chúraim chorónaigh. Is féidir leis, mar shampla, líon na ngnáthamh corónach a mhapáil i dteannta le faisnéis maidir le minicíocht an ghalair chroí; a thaispeánann láthair na saoráidí speisialaithe cairdiacha agus gréasáin iompair reatha agus gréasáin atá beartaithe. Is féidir an cineál seo faisnéise a úsáid chun cinntí a dhéanamh maidir le conas an tseirbhís a fhorbairt.

Alcól agus Timpistí Bóthair

Rinne agus d'fhoilsigh FSS an chéad ghrinnanailís ar an ról atá ag alcól i dtimpistí bóthair in Éirinn i 2006. Tháinig sé chun solais go raibh gá leis na cláir um thástáil anála randamach a dhianfheidhmiú. Bhí tionchar mór ag an staidéar seo ar dhearcadh an Rialtais agus na sochaí go ginearálta.

Suíomh Gréasáin 'Health Intelligence'

Rinneadh forbairt ar shuíomh gréasáin Health Intelligence, www.healthintelligence.com, agus anois is féidir faisnéis i dtaobh na nithe seo a leanas a fháil air:

- faisnéis sláinte agus sonraí faireachais;
- tacaíochtaí cúraim shláinte bunaithe ar fhianaise; agus
- tacaíocht taighde agus forbartha i gcomhair measúnaithe ar theicneolaíocht sláinte.

FACTFILE

In éineacht leis an Aonad Náisiúnta Cumarsáide, tá tús curtha le forbairt a dhéanamh ar an suíomh gréasáin FACTFILE chun eolas tráthúil cruinn soiléir faoi FSS a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.

D'oibrigh FSS agus An Post i gcomhar lena chéile chun pacáiste eolais ar chúrsaí sláinte do dhaoine scothaosta a sheoladh. Fuair daoine i Lár na Tíre pacáiste eolais cuimsitheach mar gheall ar ábhair a bhaineann le cúrsaí sláinte nuair a bhailigh siad a bpinsin ó Oifig an Phoist. San iomlán, dáileadh 15,000 pacáiste trí 92 Oifig an Phoist i Laois, in Uíbh Fhailí, i Longfort agus san Iarmhí.

Foireann Uirlisí Tacaíochta

I gcomhar le Bord Seirbhísí Sláinte Thuaisceart na hÉireann, rinne Sláinte an Daonra forbairt ar fhoireann uirlisí tacaíochta leictreonacha maidir le sláinte an phobail. Cuireadh é in oiriúint chun freastal ar riachtanais chleachtóirí ginearálta leighis atá bainteach le sláinte agus folláine a fheabhsú agus le neamhionannais sláinte a laghdú. Áirítear leis na cleachtóirí seo cleachtóirí atá ag obair:

- i gcúram sláinte agus sóisialta;
- in eagraíochtaí oiliúna agus oideachais; agus
- i ngrúpaí pobail agus deonacha.

Cothú Sláinte

Rinne an Rannóg Cothaithe Sláinte tionscadail chothaithe sláinte a sholáthar ar fud na tíre agus comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí tábhachtacha neamhrialtasacha a fhorbairt agus a mhaoiniú. Ina measc, bhí:

- Cumann Ailse na hÉireann;
- Foras Croí na hÉireann;
- An Clár Náisiúnta um Shláinte an Ógra;
- Cumann Oistéapóróise na hÉireann; agus
- Comhairle Spóirt na hÉireann.

FSS agus Oiliúint Sheachtrach

Thug an Rannóg Cothaithe Sláinte oiliúint do 5,000 oibrí cúram sláinte de chuid FSS agus do 6,000 aonán ó ghníomhaireachtaí seachtracha cúnaimh le haonáin agus le pobail i ngníomhaíochtaí cothaithe sláinte a chumasú. I measc na ndaoine ar cuireadh oiliúint orthu i ngníomhaireachtaí seachtracha, bhí:

- 1,000 duine ó chomhlachtaí reachtúla;
- 500 duine san earnáil phríobháideach;
- 3,500 duine san earnáil phoiblí agus dheonach; agus
- 1,000 duine eile.

D'oibrigh an rannóg freisin le 150 láithreán oibre lasmuigh den Fheidhmeannacht chun an tsláinte a chothú.

Oiliúint i Scoileanna

Rinne an Rannóg Cothaithe Sláinte:

- Oiliúint dheartha go speisialta a thabhairt do bhunscoil amháin as cúig, agus d'iar-bhunscoil amháin as cúig;
- Cúnamh a thabhairt do bhunscoil amháin as deich agus cúig mheánscoil as ocht chun ar a laghad polasaí cothaithe sláinte amháin a fhorbairt; agus
- Os cionn 300 tionscnamh cothaithe sláinte pobalbhunaithe a eagrú.

Feachtais Náisiúnta Cothaithe Sláinte

Rinne an t-aonad feachtais feasachta phoiblí maidir le cothú sláinte a choimisiúnú agus a bhainistiú, bunaithe ar réimsí tosaíochta a gcaithfear aird a thabhairt orthu in Éirinn.

Ba iad na réimsí tosaíochta i 2006 ná:

- Mí-úsáid alcóil;
- Éirí as tobac a chaitheamh;
- Cothú cíche; agus
- Sláinte Ghnéis.

Cosaint Sláinte

Ionfhabhtú faighte ón gCóras Cúraim Shláinte

I 2006 ba é an ráta bonnlíne d'Ionfhabhtú Faighte ón gCóras Sláinte (IFCS) in Éirinn ná 4.9% nó 1 othar amháin as 20. I gcomparáid, is é 8.2% an ráta i Sasana.

Ba é an leibhéal de Staphylococcus Aureus Meiticillimfhriotaíoch (MRSA) ná 0.5% nó 1 othar amháin as 200. Ag éirí as an toradh seo, tá FSS ag tabhairt tús áite don réimse seo agus tá sé in intinn acu IFCS a laghdú 20% agus MRSA 30% sna 3-5 bliana atá romhainn.

Rinne an Rannóg tuilleadh forbartha ar threoirlínte ar chosc agus ar bhainistiú IFCS, agus scaipeadh iad i measc láithreacha cúraim sláinte. San áireamh sna treoirlínte seo bhí bileoga eolais agus ábhair oideachais agus acmhainne.

Reáchtáladh tionscnamh i 2006 chun cur le heolas agus le feasacht na ndaltaí i gceithre scoil in Iarthar Chiarraí maidir le ceisteanna sláinte béil. Rinneadh cur i láthair os comhair daltaí maidir le bia folláin agus an tionchar a bhíonn ag siúcra ar na fiacla. Baineadh feidhm as taispeántas siúcra agus as triantán bia chun earraí bia éagsúla a léiriú, maille leis an treocht reatha atá ann i réim bhia dhéagóirí na linne seo

Galair Thógálacha a Bhrath

Méadaíodh an Tuairisciú Ríomhairithe ar Ghalair Thógálacha (TRGT) chun os cionn 85% den tír a chlúdach. Trí TRGT, is féidir galair thógálacha a aimsiú agus a bhainistiú go luath, rud a laghdaíonn a dtionchar ar an bpobal.

Chuaigh an Rannóg Cosanta Sláinte i ngleic le 10,668 cás de ghalair thógálacha a rinne na Ranna Sláinte Poiblí a thuairisciú. Tugtar na galair thógálacha is mó a tuairiscíodh i dTábla 3.

Tábla 3: Galair Thógálacha a fógraíodh i 2006

	2005	2006	Athrú
Géarghaistreintríteas Ionfhabhtaíoch	2,403	2,193	– 210
Ionfhabhtú Campaileabaictéir	1,803	1,818	+15
Ionfhabhtú Noraivíreasach (Tinneas Urlacain)	1,054	1,611	+557
Heipitíteas C	1,438	1,215	– 223
Heipitíteas B	899	844	– 55
Plucamas	1,081	425	– 656
Salmanóis	348	421	+73
Cripteaspóiridióis	569	361	– 208
Eile	1,632	1,780	+148
Iomlán	11,227	10,668	– 559

Noraivíreas

Bhí ráigeanna d'ionfhabhtú noraivíreasach i ngéarospidéil agus i saoráidí pobail ina gcúis le 147 de na ráigeanna seo. Cuireadh bearta gníomhacha rialaithe i bhfeidhm i ngach láithreán cúraim shláinte chun tionchar na ráigeanna seo ar an bpobal a íoslaghdú. Tá na bearta seo bunaithe ar na treoracha náisiúnta a réitigh an tIonad Faire um Chosaint Sláinte.

Vacsaíniú Leanaí

Tá na rátaí de vacsaíniú leanaí ag 90% faoi láthair. Tá ceantair ina bhfuil an ráta níos ísle aitheanta, agus díreofar go speisialta orthu siúd.

Vacsaíní eile

Cuireadh an Feachtas Teanndáileoga Haemophilus Influenzae Cineál B (Hib) ar fáil i 2006 – feachtas a cuireadh ar bun chun cliseadh na vacsaíne Hib i measc 220,000 leanbh a íoslaghdú.

Rinneadh an chéad suirbhé náisiúnta teileafóin chun glacadh na vacsaíní fliú agus niúmacocúil a mheas. Léirítear na torthaí i dTábla 4.

Leis an eolas seo, is féidir díriú go sonrach ar ghrúpaí ardriosca i bhfeachtais vacsaíne as seo amach.

Tábla 4: Suirbhé um Ghlacadh le Vacsaíní 2006

Vacsaín	65+	18-64
Vacsaín Fliú	69%	28%
Vacsaín Niúmacocúil	41%	11%

Truailliú Timpeallachta

Cuireadh bileoga eolais le chéile maidir le truailleáin a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don tsláinte. Ina measc, tá eolas maidir le nimhiú aonocsaíde carbóin do Dhochtúirí Teaghlaigh; agus Radón agus Níotráití san uisce óil.

Pleanáil Straitéiseach

Múnla Cúraim

Rinne an Rannóg seo Múnla Cúraim de Shláinte an Daonra a fhorbairt chun an dealraitheacht a mhéadú maidir le daonra sláintiúil a chothú. Díríonn an múnla nua seo ar:

- Mhaoiniú a athchomhardú i bhfabhar infheistíochta i gcosc galair;
- Neamhionannais sláinte a laghdú; agus
- Bhéim a athrú ó chúram ospidéil go cúram príomhúil.

Tugann an taithí idirnáisiúnta le tuiscint gur dócha go mbeidh an cur chuige seo ar an gcur chuige is lú costas go fadtréimhseach, agus is mó a rachaidh chun tairbhe an phobail.

Clár Tacaíochta d'Othair

Rinne FSS clár taighde agus forbartha chun Clár Tacaíochta d'Othair um Bainistiú Náisiúnta ar Ghalair Ainsealacha a mholadh i gcomhair FSS. Tosófar ar an gclár seo a chur i bhfeidhm i 2007.

An Clár Heartbeat

Cuireadh i bhfeidhm clár sláinte croí i gcúig ospidéal, clár dar teideal Heartbeat. Baineann Heartbeat feidhm as an mhodheolaíocht a úsáideann an American Institute for Healthcare Improvement. An aidhm atá aige ná laghdú ar an líon daoine a fhaigheann bás is ospidéil ó thaom croí agus é seo a dhéanamh ach céatadán na n-othar a fhaigheann gach gné den chúram a mhéadú.

Oinceolaíocht Radaíochta

Ghlac an rannóg seo páirt sa phlean náisiúnta le haghaidh oinceolaíocht radaíochta agus chomh maith leis sin rinne sé measúnú ar riachtanais na seirbhísí oineolaíochta radaíochta, lena n-áirítear:

- trealamh;
- íomháú;
- soláthar foirne; agus
- leapacha d'othair chónaitheacha

Bhí an measúnú seo mar chuid de na 'sonraíochtaí don aschur cliniciúil' a raibh gá leis chun Plean Náisiúnta um Oinceolaíocht Radaíochta a cheapadh.

Raimhre i measc an Aosa Óig

Seoladh treoirlínte go hoifigiúil chun comhlánú a dhéanamh ar na moltaí fadréimseacha a bhí sa tuarascáil 2005 National Obesity Task Force Report. Molann an tascfhórsa go n-athrófaí polasaithe don tionscal bia, i gcúrsaí oideachais, i gcúrsaí sóisialta agus i seirbhísí sláinte agus pobail.

Cheap an Fhoireann do Leanaí agus Dhaoine Óga treoirlínte náisiúnta Community Based Practitioners on Prevention and Management of Childhood Overweight and Obesity. Chuathas i gcomhairle le daoine óga, le tuismitheoirí, le gairmithe agus le heagraíochtaí acadúla in Éirinn nuair a bhí na treoirlínte seo á gcomhthiosmú.

Athbhreithniú ar Úsáid Leapacha in Ospidéil Ghéarmhíochaine

Cuireadh tús le staidéar náisiúnta ar úsáid ospidéil, a raibh d'aidhm aige a fháil amach cé chomh maith is a bhí na hothair atá i leapacha na n-ospidéal géarmhíochaine ag teacht le húsáid chuí na leapacha sin. Cuideoidh sé seo le FSS seirbhísí a fhorbairt amach anseo.

Féinmharú a Chosc

Ag teacht leis an bhfoilseachán Reach Out, The National Strategy for Action on Suicide Prevention, d'oibrigh Rannóg Shláinte an Daonra chun na nithe seo a leanas a chinntiú:

- Oileadh 4,000 duine ar chúrsa dhá lá i Scileanna Traenála san Idirghabháil Fheidhmeach i leith Féinmharaithe; agus
- Tá ar a laghad ball foirne amháin i 30 Rannóg Éigeandála chun freastal ar dhaoine a thagann isteach atá tar éis iarracht a dhéanamh iad féin a ghortú.

Tá tionscadal tacaíochta píolótach anois ag seirbhís sláinte Chluain Mhuire i nDeisceart Bhaile Átha Cliath, i gcúram príomhúil i gcás féinghortaithe agus féinmharaithe. Oibríonn sé le Dochtúirí Teaghlaigh chun idirghabháil go luath le hothair leochaileacha a d'fhéadfadh iad féin a ghortú.

Chuir FSS maoiniú ar fáil do threoirlínte meáin a cheap an Irish Association for Suicidology agus na Samaritans maidir le tuairisciú ar fhéinmharú, agus scaipeadh na treoirlínte sin ar na meáin.

Chomh maith leis sin, rinne FSS coimisiúnú ar thaighde ar an ngaol idir mí-úsáid in institiúidí agus féinghortú nó féinmharú. An aidhm a bhí leis an taighde ná riosca agus fachtóirí cosantacha a aithint a chuideodh le forbairtí eile ar an tseirbhís amach anseo.

Pleanáil d'Éigeandálaí

Gníomhaireachtaí Stáit ag Oibriú le Chéile

I Meán Fómhair 2006, foilsíodh frámaíocht nua a chuireann síos ar an gcaoi a bhfeidhmeoidh gníomhaireachtaí stáit éagsúla - FSS, na Gardaí agus Údaráis Áitiúla - le chéile chun bainistiú a dhéanamh ar éigeandálaí. Tá cur chuige comhordaithe caighdeánaithe ann anois maidir le bainistiú ar éigeandálaí.

An Clár um Bainistiú ar Éigeandálaí

Cuireadh Struchtúir i bhfeidhm in Oifig Náisiúnta na nOspidéal, i gCúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach agus i Sláinte Phoiblí, don fheidhm nua ag FSS maidir le bainistiú ar éigeandálaí. Cinnteoidh sé seo go ndéanfar caighdeánú agus comhordú ar an gclár um bainistiú d'éigeandálaí agus go mbeidh pearsanra FSS níos fearr in ann freagairt do ghéarchéimeanna de réir mar a tharlaíonn siad.

An Plean le haghaidh Paindéim Fliú

I gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí ceapadh plean chun déileáil le paindéim fliú.

Leanadh leis an bhFeachtas Teanndáileoga Vacsaín Hib i 2006. Cuireadh an feachtas seo ar bun chun teanndáileoga a thairiscint do leanaí idir aon bhliain d'aois agus ceithre bliana d'aois chun iad a chosaint ar ionfhabhtú ó influenza Haemophilus cineál b (Hib). The booster was made available free to 220,000 children in 2006. Cuireadh an teanndáileog ar fáil saor in aisce do 220,000 leanbh i 2006

Cás Staidéar

Urraíocht ó FSS le haghaidh Cluichí Pobail

Chuir FSS urraíocht ar fáil i 2006 le haghaidh Cluichí Pobail don chéad uair. Is bealach maith an urraíocht seo leis na teachtaireachtaí a bhíonn á dtabhairt do leanaí, do thuismitheoirí, d'oibrithe deonacha agus do phobail maidir le cothú agus gníomhaíocht fhisiceach a chur i bhfeidhm. Tá an eagraíocht Cluichí Pobail tiomanta d'fhorbairt ar pholasaithe maidir le cothú, le tobac, le halcól, le mí-úsáid drugaí agus le gníomhaíocht fhisiceach.

A bhuíochas leis an urraíocht tá fáil dhíreach ag pobail ar chluichí. Ghlac breis is 500,000 duine páirt i gcluichí. Chomh maith leis sin, bhí 20,000 oibrí deonach agus 1.3 milliún tacadóir ann. Ceann de na gnéithe is tábhachtaí a bhaineann leis an gcomhaontú urraíochta ná go nglacfaidh Cluichí Pobail anois le prionsabail chothaithe sláinte agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ar fud na heagraíochta.

Cuireadh urraíocht ar fáil le go nglacfadh isteach is amach le 200 leanbh ó phobail ainmnithe páirt i gcluichí pobail a bhuíochas le hurraíocht agus le comhpháirtíocht FSS.

Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach (CPPL)

Cuireann CPPL seirbhísí sláinte agus seirbhísí pearsanta sóisialta ar fáil ar fud gach pobail agus cuirtear é seo ar fáil trí mheán 32 Oifig Sláinte Áitiúil (OSA) fud fad na tíre.

I measc na seirbhísí atá ar fáil tá:

- Seirbhísí Cúraim Phríomhúil;
- Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta;
- Cúram Leanaí;
- Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas;
- Cuimsitheacht Shóisialta;
- Cúram Maolaitheach; agus
- Sláinte Comhshaoil.

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Tá an soláthar cúraim phríomhúil sa bhaile agus i bpobail áitiúla mar bhunchloch do Chlár Athraithe FSS. An príomhfhócas ag CPPL le linn 2006 ná é sin a bhaint amach.

Nuair a fhreastalaítear ar riachtanais daoine go háitiúil, bíonn torthaí i bhfad níos fearr air seo agus ní bhítear ag brath chomh mór in aon chor ar ospidéil ghéarmhíochaine.

Foirne Cúraim Phríomhúil (FCPanna)

Cuirtear Foirne Cúraim Phríomhúil le chéile ar bhealach a chinntíonn gur féidir le daoine fáil níos éasca a bheith acu ar raon leathan seirbhísí sláinte agus sóisialta ar ardchaighdeán ina bpobail áitiúla.

Cuireann FCPanna cúram neamh-ghéarmhíochaine ar fáil do dhaonraí idir 7,000 agus 15,000. Cuireann foirne pobalbhunaithe agus gairmithe cúraim shóisialta na seirbhísí uile ar fáil. Ina measc:

- fisiteiripeoirí;
- oibrithe sóisialta;
- altraí sláinte phoiblí
- bia-eolaithe
- Dochtúirí Teaghlaigh; agus
- oibrithe tacaíochta.

Faoi láthair tá 10 bhfoireann Cúraim Phríomhúil ann, bhí 87 foireann cúraim phríomhúil á bhforbairt le linn 2006 agus táthar ag súil 127 foireann eile a chur ar bun i 2007. Rinneadh an tír uile a mhapáil i 2006 chun na háiseanna agus na hacmhainní uile a mbeidh gá ag na foirne nua leo a shainaithint.

Déantar na FCPanna a nascadh lena chéile trí mheán Líonraí Cúraim Phríomhúil agus Shóisialta. Déanann gach líonra tacú le ceithre nó cúig cinn d'fhoirne. San áireamh sa líonra tá acmhainní speisialaithe á roinnt, mar shampla: cosaint leanaí, ortadóntaic agus comhairleoireacht.

Sheol FSS, i gcomhar le Dochtúirí Teaghlaigh, an MIDOC GP – seirbhís lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre i gContae Longfoirt i rith shamhradh 2006. An aidhm atá leis an tseirbhís seo ná cúram ar an gcaighdeán is airde a chur ar fáil do bhaill an phobail atá ag lorg seirbhísí DT lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre (i.e. lasmuigh de ghnáthuaireanta lialann an dochtúra) le haghaidh cásanna leighis práinneacha. Faoi láthair feidhmíonn an tseirbhís MIDOC i Laois, in Iarthar Uíbh Fhailí agus san Iarmhí.

Tá gach ceann de na seirbhísí cúraim phríomhúil nasctha:

- lena chéile;
- leis an gcóras sláinte níos leithne;
- le hospidéil; agus
- le roinnt gníomhaireachtaí éagsúla.

Fairsingiú ar Sheirbhísí Dochtúra Teaghlaigh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre

Láimhseáil seirbhísí DT lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre 750,000 glaoch i 2006 agus tá siad ar fáil anois do 80% den daonra i 12 ionad ar bhonn náisiúnta (féach tábla 5).

Cuireann an tseirbhís nua D-Doc, seirbhís DT i dTuaisceart Átha Cliath, seirbhís DT ar fáil do bhreis is 500,000 duine atá ina gcónaí sa limistéar. Cuireann sé go mór leis na roghanna atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil gá acu le cúram nó comhairle phráinneach leighis lasmuigh d'uaireanta gnó.

Tábla 5: Sonraí Teagmhála na Seirbhísí Dochtúra Teaghlaigh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre

NEDOC Lú, An Mhí, An Cabhán agus Muineacháin (Seachas Dún Dealgan)	1850 777911
DDOC Tuaisceart Chathair agus Chontae Bhaile Átha Cliath	1850 22 44 77 01 4545607
DL Doc Iardheisceart Bhaile Átha Cliath	01 6639869
EastDoc Baile Átha Cliath Thoir	01 2094021
LukeDoc Deisceart Chathair Bhaile Átha Cliath	01 406 5158
K DOC Cill Dara agus Cill Mhantáin Thiar	1890 599362
MIDOC Laois, Longfort, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí	1850 302702
CareDoc Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas, Loch Garman, Port Láirge agus Cill Mhantáin Theas (agus Baile Chill Mhantáin)	1850 334999
SOUTHDOC Corcaigh agus Ciarraí	1850 335999
NOWDOC Dún na nGall, Liatroim Theas agus Ros Comáin Thuaidh	1850 400911
WESTDOC Cuid den Ghaillimh, de Mhaigh Eo, de Ros Comáin agus de Shligeach	1850 365000
SHANFNON DOC An Clár, Tiobraid Árann Thuaidh agus Luimneach (Seachas an Chathair)	1850 212999

An Clár um Athchóiriú Scéimeanna

An Scéim Cártaí Leighis

Leanadh leis an leasú ar chaighdeánú na Scéime Cártaí Leighis agus scéimeanna gaolmhara agus an chaoi a sholáthraítear iad i 2006. I measc na scéimeanna gaolmhara tá an Scéim Íocaíochta Drugaí, an Scéim maidir le breoiteachtaí fadtéarmacha agus an Scéim um Sheirbhísí Cóireála Déadacha.

Foilsíodh leabhrán (ar fáil ar www.hse.ie) ag cur síos ar na seirbhísí atá i bhfeidhm agus na critéir incháilithe. San áireamh sa leabhrán tá iarratas caighdeánach le haghaidh Cártaí Cuartaíochta Dochtúra Teaghlaigh agus Cártaí Leighis.

Tábla 6: Sealbhóirí Cártaí Leighis agus Cártaí Cuartaíochta Dochtúra Teaghlaigh 2005 agus 2006

	2005	2006	% Athrú
Sealbhóirí Cártaí Leighis	1,155,727	1,221,695	+5.7%
Cártaí Cuartaíochta Dochtúra Teaghlaigh	5,079*	51,760	+1019%

* Seoladh an Cárta Cuartaíochta Dochtúra Teaghlaigh i mí na Nollag 2005

Measúnú ar Ioncam

Athraíodh ó bhonn i 2006 an measúnú a dhéantar ar ioncam nuair atáthar ag plé le hiarratais le haghaidh cártaí leighis. Ríomhtar ioncam anois tar éis asbhaint cánach agus ASPC a chur san áireamh. Ceadaítear d'aisíocaíochtaí cíosa agus morgáiste, d'airgead a chaitear ar chúram leanaí agus do chostais chun na hoibre agus abhaile chomh maith.

Athnuachan ar an Scéim Drugaí Pobail

Rinneadh athbhreithniú ar na Scéimeanna Drugaí Pobail. Cuideofar costais sa réimse seo a laghdú toisc an laghdú ar chostas cóir leighis 'ó phaitinn' agus a gcomhionann cineálach, a fuarthas faoi chomhaontuithe nua an Irish Pharmaceutical Healthcare Association/Association of Pharmaceutical Manufacturers of Ireland.

Daoine Scothaosta

Ar cheann de phríomhaidhmanna FSS táthar ag iarraidh tacú le daoine scothaosta fanacht sa bhaile agus cónaí go neamhspleách ina bpobail féin chomh fada agus is féidir. Nuair nach bhfuil sé seo indéanta, an aidhm atá ann ná a mhalairt de shuíomh cónaithe a sholáthar. Cuireann FSS raon seirbhísí ar fáil lena n-áirítear cúntóirí baile agus pacáistí cúraim bhaile i gcomhar le:

- daoine aosta iad féin;
- teaghlaigh;

- cúramóirí;
- gníomhaireachtaí reachtúla;
- gníomhaireachtaí neamhreachtúla; agus

∑ grúpaí pobail.

Pacáistí Cúraim Bhaile

Tábla 7: Daoine atá ag fáil Pacáistí Cúraim Bhaile i 2006

	2006
Daoine atá ag fáil pacáistí cúraim bhaile	5,300*

*Tagraíonn an figiúr seo don líon daoine a bhí ag fáil pacáistí amhail an 31 Nollaig 2006. Ní figiúr carnach é seo..

I 2006, tugadh Pacáistí Cúraim Bhaile isteach ar fud na tíre. Is é atá sna pacáistí seo ná sraith seirbhísí agus tacaí a chuireann FSS ar fáil, nó a shocraíonn FSS do dhuine scothaosta tar éis measúnú a dhéanamh ar a riachtanais. Cinntíonn sé seo gur féidir le duine aosta:

- filleadh ar an mbaile ón ospidéal; nó
- fanacht ina mbaile féin chomh fada agus is féidir.

Buntáiste eile a bhaineann leis an bpacáiste ná go laghdaítear an brú ar Rannóga Éigeandála.

Ag brath ar riachtanais an duine scothaosta is féidir leis na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i bPacáistí Cúraim Bhaile:

- altranas sláinte phoiblí;
- cúntóir baile;
- fisiteiripe
- teiripe shaothair; agus
- freastal ar ionad cúraim lae.

I 2006, infheistíodh €55 milliún i soláthar Pacáistí Cúraim Baile a cuireadh ar fáil do 5,300 duine.

Cúntóirí Baile

Is é atá sa tseirbhís Cúntóirí Baile ná seirbhís a chuireann FSS ar fáil do dhaoine níos aosta ina mbaile féin.

Tábla 8: Clár um Chúnamh sa Bhaile 2006

Cúnamh sa Bhaile	2006
Iomlán na n-uaireanta de chúram sa bhaile a soláthraíodh	11,430,570
Meánlíon uaireanta cúraim sa bhaile in aghaidh na míosa	952,548
Meánlíon cliant a fhaigheann uaireanta cúraim sa bhaile	49,500*

*Tagraíonn an figiúr seo don líon daoine a bhí ag úsáid na seirbhíse seo amhail an 31 Nollaig 2006. Ní figiúr carnach é seo.

Rinneadh suirbhé i 2006 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomh tábhachtach is a bhí timpeallacht duinedhírithe do theaghlaigh.

"Tá cúram 24 uair de dhíth ar mo mháthair anois. Tá Galar Alzheimer uirthi agus roimhe seo bhí bearnaí sa chúram a bhí ar fáil di agus shiúil sí amach as an teach lá amháin agus phioc na Gardaí suas í cúig mhíle ón teach. Faoi láthair tá beirt chúramóirí againn agus chomh maith leis sin cuireann an teaghlach cúram ar fáil an lá ar fad. Tá Seirbhís Cúraim Lae ar fáil chomh maith. Ní féidir í a fhágáil léi féin, ach anois tá saol aici agus bíonn sí in ann dul amach leis na cúramóirí, atá mar chuid den teaghlach anois."

Físr 8: Uaireanta Cúraim sa Bhaile a cuireadh ar fáil in aghaidh na míosa le linn 2006.



Tá cruthaitheacht, úrnuacht agus dianobair mar bhunchloch ag tionscadal ealaín-bhunaithe atá idir lámha in Ospidéal N. Oilibhéir Pluincéid, Dún Dealgan. Bhí an tionscadal i bhfoirm múrmhaisithe a chruthaigh na hothair agus na mic léinn. Bhí sé d'aidhm ag an tionscadal idirghníomhú a sholáthar idir óg is aosta, feabhas a chur ar an timpeallacht mhaireachtála in Ospidéal N. Oilibhéir Pluincéid agus bród a chothú ina measc.

Fíor 9: Líon cliant in aghaidh na míosa a fuair Cúram sa Bhaile, 2006



Próiseas Caighdeánaithe Cigireachta ar Thithe Altranais

Forbraíodh cur chuige nua náisiúnta i 2006 maidir le cigireacht agus tuairisciú i gcás tithe altranais príobháideacha. San áireamh anseo bhí caighdeánú ar dhoiciméadú i ngach limistéar de chuid FSS. Is féidir teacht ar roinnt de na tuarascálacha cigireachta ar thithe altranais ar www.hse.ie.

Tábla 9: Staitisticí maidir le Tithe Altranais 2006

	2006
Tithe Altranais Cláraithe	437
Cigireacht ar Thithe Altranais i gcrích	870
Líon daoine a fhaigheann deontais le haghaidh tithe altranais	7,609
Líon daoine a fhaigheann deontais bhreise	4,635

Cur leis an Áis Íoschéimnithe

Fuair FSS 1,050 leaba sa bhreis chun go bhféadfaí daoine a scaoileadh as ospidéil ghéarmhíochaine. Rinneadh plean tionscadail a dhréachtú le go ndéanfaí 860 leaba poiblí le cúram breise a sholáthar ar fud na tíre.

Meabhairshláinte

Cuimsíonn seirbhísí meabhairshláinte gach staid den saol agus san áireamh ann tá seirbhísí do leanaí, do dhéagóirí, do dhaoine fásta agus do dhaoine scothaosta.

Faoi láthair tá athruithe suntasacha ag tarlú i Seirbhísí Meabhairshláinte. I mí Bealtaine 2006, ghlac FSS leis an tuarascáil The Report of an Expert Group on Mental Health Policy – A Vision for Change. Cuireadh tús le Cuid 2 den Acht Meabhairshláinte, 2001 agus an ról atá ag na Seirbhísí Meabhairshláinte laistigh d'fhoirne Cúraim Phríomhúil i mí na Samhna 2006.

An tSeirbhís Náisiúnta Fhóiréinseach (An Príomh-Ospidéal Meabhairghalair)

Osclaíodh ocht leaba nua chun cur leis an acmhainn Shíciatrach Ghinearálta do Dhaoine Fásta.

I 2006, cuireadh foirne ildisciplíneacha meabhairshláinte ar bun chun seirbhísí lárnacha meabhairshláinte a chur ar fáil do dhaonraí 50,000. Tá dhá fhoireann i ngach earnáil atá treoraithe ag Lia Comhairleach.

Foirne Meabhairshláinte Breise do Leanaí agus do Dhéagóirí

Rinneadh forbairt ar ocht bhfoireann meabhairshláinte breise do leanaí agus do dhéagóirí i 2006.

Cúram Leanaí

An aidhm atá leis na seirbhísí atá ann do leanaí ná a sláinte agus a bhfolláine a chosaint. Bunaítear na seirbhísí ar na cleachtais is fearr a bhaineann le leanaí agus a dteaghlaigh, le cúramóirí, le pobail áitiúla, le grúpaí deonacha agus pobail, chun gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach. Cuirtear seirbhísí ar fáil chomh maith do leanaí le riachtanais níos géire in aonaid ardtacaíochta.

Tábla 10: Staitisticí maidir le Cúram Leanaí 2006

	2006
Leanaí i gcúram cónaitheach (Áirítear 'Socruithe Speisialta' anseo)	410
Leanaí i gcúram altranais (Seachas Altranas Lae)	3,206
Leanaí i gcúram altranais le gaolta leo	1,496
Leanaí i socruithe cúraim 'Eile'	224
Leanaí i gcúram	5,336

Tá daoine le Cártaí Cuartaíochta DT i dteideal freastal ar a nDochtúir Teaghlaigh saor in aisce. Baintear úsáid as foirm amháin anois do Chártaí Leighis agus do Chártaí Cuartaíochta Dochtúra Teaghlaigh araon, mar sin níl gá ach le foirm iarratais amháin. Ceadaíonn FSS do chostais le haghaidh cúram leanaí, le haghaidh cíosa, costais mhorgáiste agus costais taistil chun na hoibre.

Tábla 11: Aonaid Cúraim Leanaí 2005 agus 2006

Aonaid Cúraim Leanaí	2005	2006
Aonaid Ardtacaíochta		
Aonaid Ardtacaíochta	1,674	1,860
Líon iarbhír leapacha oíche ar fáil	1,366	1,434
Leapacha in úsáid mar % de na leapacha atá ar fáil	82%	77%
Aonaid Cúraim Speisialta		
Líon iomlán leapacha oíche ar fáil	713	510
Líon iarbhír leapacha oíche ar fáil	479	487
Líon leapacha in úsáid mar % de na leapacha atá ar fáil	67%	95%

Daoine faoi Mhíchumas

Féachann seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas le cur ar chumas daoine faoi mhíchumas barr a gcumais a bhaint amach agus an fónamh is fearr a bhaint as a neamhspleáchas, lena n-áirítear maireachtáil ar an mbealach is neamhspleáiche agus is féidir leo.

Tá an Straitéis Náisiúnta Míchumais (2005) ar cheann de na nithe ar a mbunaímid ár seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas agus frámaíocht nua de thacaí.

Méadaíonn an líon daoine faoi mhíchumas go suntasach de réir aoise, ó:

- 2% i gcás daoine óga idir 0-17 mbliana d'aois; go
- 7% i gcás daoine san aoisghrúpa 18-64; go
- 31% i gcás daoine san aoisghrúpa 65 agus os a chionn.

Tábla 12: Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas 2006

Míchumas	2006
Daoine atá ag fáil liúntais do Chúram sa Bhaile	19,231*
Daoine atá ag obair i scáthchóiríocht	6,919*
Daoine atá á n-oiliúint ar chúrsaí athshlánúcháin	2,840*
Daoine ar an mBunachar Sonraí de Dhaoine faoi Mhíchumas Intleachta	25,518

*Tagraíonn sé seo don líon daoine a bhí ag úsáid na seirbhíse amhail an 31 Nollaig 2006

Cuimsitheacht Shóisialta

Mar bhonn is mar thaca ag na seirbhísí um chuimsitheacht shóisialta tá an Straitéis Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaineachta, an Straitéis Sláinte Náisiúnta agus Reachtaíocht a bhaineann le Comhionannas.

Is é atá sna tionscnaimh um chuimsitheacht shóisialta de chuid an Rialtais, RAPID agus CLÁR, ná tionscnaimh atá dírithe ar na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair a sholáthar do na limistéir is mó a bhfuil gá acu leo. Leathnaítear iad amach chuig limistéir éagsúla ar fud na tíre.

Seirbhísí do Mhionlaigh Eitneacha

Bhí seisiúin chomhairliúcháin ann maidir leis an Straitéis Náisiúnta Idirchultúrtha.

Ainmníodh suímh don Fhoghlaim, don Oiliúint agus don Fhrámaíocht Tacaíochta don fhoireann.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na seirbhísí aistriúcháin le haghaidh CPPL, ionas gur féidir seirbhís leanúnach a sholáthar. Cuireadh tús le hobair a chuideoidh le cur i gcrích na Frámaíochta Náisiúnta um Sheirbhísí Ateangaireachta i 2007.

Mar aitheantas ar an ngá atá le feabhas a chur ar chumas na foirne i leith cúrsaí cultúrtha ionas gur féidir leo cuidiú le mionlaigh eitneacha rochtain a fháil ar sheirbhísí agus feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse a fhaigheann siad, chuir 330 ball foirne de chuid FSS i gcrích Cúrsa Oiliúna i bhFeasacht a bhaineann le hIarrthóirí Tearmainn/Teifigh.

Seirbhísí Andúile

I measc na seirbhísí andúile atá ann tá cúrsaí oideachais, cosc a chur leis, idirghabháil luath agus cóireáil.

Tábla 13: Seirbhísí Andúile 2006

	2006
Meánlíon cliant a bhfuil cóireáil meatadóin á chur orthu in aghaidh na míosa	6,821*

*Tagraíonn an figiúr seo don líon daoine ag fáil na seirbhíse amhail an 31 Nollaig 2006. Ní figiúr carnach é seo.

Bhuaigh altraí ó na Seirbhísí Foghlama do Dhaoine faoi Mhíchumas na Gradaim Derek Dockery. D'éirigh leo grúpa daoine faoi mhíchumas intleachtach a aimsiú a chuir in iúl gur theastaigh uathu cumhacht níos mó a bheith acu i ndéanamh a gcinntí féin.



Cás-Staidéar

Foireann Cúraim Phríomhúil na Saoirsí

Tá Joe 80 bliain d'aois agus é ina chónaí i dtithíocht phríobháideach atá cóngarach d'Ionad Cúraim Phríomhúil na Saoirsí. D'fhreastail sé ar Ionad Cúraim Phríomhúil na Saoirsí i mí Bealtaine 2006 le hairtríteas agus le brú fola ard agus phléigh Dochtúir Teaghlaigh lena chás. Rinneadh scrúdú fisiceach air agus na tástálacha fola cuí agus ansin moladh cóir leighis dó. Atreoraíodh é chuig fisiteiripeoirí na foirne toisc dianphian airtrítis agus cailliúint gluaiseachta.

Thug Joe cuairt ar an ionad arís tar éis dhá sheachtain mar othar éigeandála 'buail isteach' mar go raibh imní air agus pianta ina ucht. Rinne ardchleachtóirí altranais cúram de agus tar éis comh-chomhairliúchan le Dochtúir Teaghlaigh fuarthas go raibh an iliomad fadhbanna sóisialta aige maille le fadhbanna sa chlann. Tar éis scrúdú fisiceach a dhéanamh air bhíothas den tuairim nach siomtóim chairdiacha a bhí aige. Atreoraíodh é chuig síceolaí comhairleoireachta, chuig oibrí sóisialta, teiripeoir saothair agus altraí sláinte phoiblí na foirne.

D'fhreastail sé ar chúpla seisiún leis an síceolaí comhairleoireachta agus ansin chláraigh sé chun freastal ar ranganna i mbainistíocht struis a reáchtáil an síceolaí agus an t-oibrí sóisialta. Rinne an teiripeoir saothair measúnú ar a fhadhbanna tithíochta agus rinne an t-oibrí sóisialta measúnú ar a iarratais ar dheontas.

"Braithim anois gur féidir liom déileáil níos fearr leis an saol a bhuíochas leis an gcúnamh gairmiúil go léir a fuair mé ó fhoireann na Saoirsí. Táim níos dóchasaí i leith an tsaoil anois".

Atreoraíodh Joe chuig rang Tai Chi agus Cothaithe Sláinte a reáchtálann gairmithe sláinte. Ní hé amháin go raibh buntáistí móra fisiceacha ag baint leis seo do Joe ach tá an deis aige anois bualadh le daoine eile atá i suíomh cosúil lena shuíomh féin. Tá feabhas tagtha ar a ghluaiseacht agus ar a fhéinmhuinín tabhairt faoi ghnáth-thascanna laethúla. Chomh maith leis sin, tá a bhrú fola faoi smacht agus tá a mheon níos dearfaí agus a shiomtóim imní laghdaithe.

Cúram Maolaitheach

An Sainmhíniú atá ar chúram maolaitheach ná cúram iomlán a dhéantar d'othair a bhfuil galar orthu nach bhfuil ag freagairt do chóireáil a thuilleadh. Os cionn gach ní eile, an rud is tábhachtaí sa chúram maolaitheach ná pian a smachtú agus folláine shíceolaíoch, shóisialta agus spioradálta a chothú.

An sprioc atá le cúram maolaitheach ná an cháilíocht saoil is fearr agus is féidir a bhaint amach d'othair agus dá dteaghlaigh.

Tábla 14: Cúram Maolaitheach 2006

Cúram Maolaitheach	2006
Othair a gcuirtear cóireáil orthu in aonaid speisialta d'othair chónaitheacha	257
Othair atá ag úsáid seirbhísí Cúraim Bhaile	2,270
Othair atá ag úsáid cúram idirmheánach in ospidéil phobail	90
Othair atá ag úsáid cúram lae	220

Cúram Maolaitheach Péidiatraiceach

Cuireadh grúpa stiúrtha náisiúnta ar bun agus d'imigh an grúpa sin i mbun oibre ar straitéis cúig bliana maidir le cúram maolaitheach péidiatraiceach. Gabhadh de láimh obair chun caighdeáin a cheapadh i gcomhar leis an National Palliative Care Advisory Council, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus páirtithe deonacha.

Folláine Chomhshaoil

Déanann an Rannóg um Fholláine Chomhshaoil measúnú ar fhachtóirí sa chomhshaol a bhféadfadh tionchar neamhfhabhrach a bheith acu ar shláinte an phobail, faoi láthair agus amach anseo, agus déantar na fachtóirí sin a chur ina gceart agus iad a chosc.

Tábla 15: Cigireachtaí Folláine Comhshaoil 2005 agus 2006

Folláine Chomhshaoil	2005	2006	% Change
Cigireachtaí Bia a rinneadh	51,995	47,412	-9%
Cigireachtaí de réir an Achta Tobac a rinneadh	35,042	32,012	-9%
Ionchúisimh maidir leis an Acht Tobac	37	37	0%

Líne Eolais Náisiúnta – 1850 24 1850

Cuireadh Líne Eolais Náisiúnta ar bun chun go mbeadh uimhir lóghlao amháin ann ar fud na tíre chun teacht ar eolas ar chúrsaí sláinte agus ar sheirbhís shóisialta atá bainteach leis. Cuirtear eolas ar fáil, trí mheán na seirbhíse, ar os cionn 110 ábhar. I measc na n-ábhar sin tá: teidlíochtaí seirbhíse, incháilitheacht, foirmeacha iarratais agus sonraí teagmhála.

Is féidir teacht ar an tseirbhís ar r-phost chomh maith ag: info@hse.ie agus ar facs ag 041-6850330. Chomh maith leis sin, tá ceap téacs sigma ar fáil do dhaoine a bhfuil lagú éisteachta orthu ionas gur féidir leo a bhfiosrúcháin a sheoladh i bhfoirm téacs, agus freagraítear iad go pras. Tá an tseirbhís seo i bhfeidhm ó 8.00r.n.-8.00i,n, Luan go Satharn. Cuireann na huaireanta breise seo ar chumas an phobail teacht ar an tseirbhís chomh maith tar éis 5.00i.n. agus ag an deireadh seachtaine.

Tábla 16: Glaonna ar an Líne Eolais Náisiúnta 2006

Glaonna Faighte	2006
Cárta Cuartaíochta DT	24,167
Cárta Leighis	6,531
An Cárta Eorpach um Árachas Sláinte	3,937
Fiosrúcháin maidir le Tithe Altranais	3,458
Cúram Pobail	1,439
An Scéim Íocaíochta Drugaí	1,871
Cárta Leighis do dhaoine os cionn 70	1,033
Acmhainní Daonna	1,920
Seirbhísí Ospidéil	872
Leas Pobail	648
Eile	2,041
Líon Iomlán Glanna	47,917

Seoladh líne ghutháin eolais FSS 1850-24-1850 le linn 2006. Is féidir leis an bpobal teacht go héasca ar eolas ar an líne ghutháin eolais seo maidir le breis is 110 ábhar a bhaineann le cúrsaí sláinte agus seirbhís shóisialta, agus cosnaíonn sé níos lú ná an costas a bheadh ar ghlao áitiúil.

Tionscnamh Geimhridh FSS

Is i rith an Gheimhridh a bhíonn an t-éileamh is mó ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta. Go luath i bhFómhar 2006 bhunaigh FSS Foireann Tionscadail don Tionscnamh Geimhridh chun díriú ar fhíorfheabhas a chur ar an gcóras agus a chinntiú go bhfuil FSS ullamh don bhrú sa bhreis a bhíonn ar dhaoine i rith an gheimhridh. Is cur chuige é an Tionscnamh Geimhridh a cuireadh i bhfeidhm go sásúil in áiteanna eile agus is leanúint é ar obair atá faoi lán seoil i réimsí éagsúla den chóras soláthair cúraim shláinte.

An phríomhaidhm atá leis ná cuidiú leis an eagraíocht obair le chéile ar bhealach níos dírithe chun dul i ngleic le saincheisteanna ar fud an chórais a thagann chun cinn i gcás othair atá ag fanacht, gan ghá, i Rannóga Éigeandála le go n-iontrálfaí iad san ospidéal. Chuige seo, bunaíodh ocht bhfoireann ar fud na tíre, ar a bhfuil bainisteoirí Ospidéil agus CPPL a d'oibrigh ar raon gníomhaíochtaí ag an leibhéal áitiúil.

Tá toradh an chomhardaithe níos fearr seo le tabhairt faoi deara sa mhéid go bhfuil líon na ndaoine agus amanna feithimh i Rannóga Éigeandála tar éis laghdú i gcomparáid le mar a bhí an scéal anuraidh. Thóg an Tionscnamh Geimhridh ar obair a bhí faoi lán seoil i réimsí eile den chóras cúraim shláinte agus dhírigh sé ar thrí réimse ar leith; Ospidéil a Sheachaint; Acmhainn agus Cothú/Cosc.

Ospidéil a Sheachaint:

- Síneadh a chur le seirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireana oibre an Dochtúra Teaghlaigh le go gcuimseofaí Tuaisceart Bhaile Átha Cliath;
- Seirbhísí Diagnóiseacha DT a fheabhsú: Tá fáil dhíreach ag DT anois ar X-ghathú agus ar ultrafhuaim, rud a chinntíonn nach gá d'othair dul isteach san ospidéal do sheirbhísí diagnóiseacha áirithe;
- Foirne Idirghabhála Pobail: Cuireann na foirne seo tacaíocht ar fáil do chúramóirí agus do theaghlaigh atá ag iarraidh cúram a sholáthar dá ngaolta sa bhaile. Cuidíonn siad leo a ndínit a chothú agus spreagann siad neamhspleáchas ina mbaile féin; agus
- Clinic Mhear-Rochtana (Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath): Cuireann an tseirbhís ar chumas daoine scothaosta teacht ar sheirbhísí leighis go gasta - daoine a bhfuil cúram de dhíth orthu ach nach bhfuil gá acu le cúram éigeandála. Tá sé d'acmhainn ag an tseirbhís seo cóireáil a chur ar suas le 4,000 othar gach bliain.

Acmhainn

Shínigh FSS conarthaí le tithe altranais san earnáil phríobháideach chun 1,050 leaba san iomlán a sholáthar i 2006.

Cuireadh seomraí iontrála ar fáil i bhformhór na n-ospidéal chun i bhfad níos mó príobháideachta, dínite agus compoird a sholáthar d'othair.

Osclaíodh leapacha nua in Ospidéal Ginearálta Nás na Ríogh agus in Ospidéal Ginearálta Loch Garman.

Cothú agus Cosc

Mar chuid den réimse a bhain le Cothú agus Cosc sa Tionscnamh Geimhridh, reáchtáladh ceithre fheachtas preas faoi scáth an mhana "Keep Well This Winter":

- Keep Well – Keep Immunised: Ag leagan béime ar an tábhacht a bhaineann le vacsaíniú influenza agus niúmachocach;
- Keep Well – Keep Informed:Leagadh béim san fheachtas 'Use the Right Door' ar úsáid cógaslann, Dochtúirí Teaghlaigh agus seirbhís Dochtúra Teaghlaigh lasmuigh de ghnáthuaireanta, garchabhair srl.
- Keep Well – Keep Warm: Pacáiste eolais maidir le fanacht te, seirbhísí DT lasmuigh de ghnáthuaireanta, cárta teochta chun monatóireacht a dhéanamh ar theocht an tseomra agus cárta le sonraí teagmhála úsáideacha; agus
- Keep Well – Keep Safe: bileog eolais agus póstaer a dearadh chun comhairle a chur ar dhaoine scothaosta maidir leis an gcaoi cosc a chur le titim, le sleamhnú agus conas sláinte a chothú.

Oifig Náisiúnta na nOspidéal

Déanann Oifig Náisiúnta na nOspidéal (ONO) bainistiú ar sheirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine i 52 ospidéal ar bhonn náisiúnta. Chomh maith leis sin, cuireann sé seirbhísí cúraim réamh-ospidéil ar fáil (otharcharranna agus seirbhísí um fhreagairt d'éigeandálaí).

I 2006, Lean ONO ag díriú ar Rannóga Éigeandála agus ar na réimsí seo a leanas:

- Atheagrú ar Sheirbhísí Ospidéil
- Seirbhísí Radaiteiripe
- Forbairtí Duánacha
- Casemix a chur i ngníomh
- Athbhreithniú Náisiúnta ar Sheirbhísí na Saotharlann Míochaine
- Iniúchadh ar shláinteachas
- Cúram Éigeandála Réamhospidéil agus Seirbhísí Otharchairr
- Pleanáil don Todhchaí

Tábla 17: Staitisticí Ospidéil 2006

	2005	2006	% Increase
Othair Chónaitheacha a scaoileadh abhaile	575,476	594,059	3.2%
Cásanna Lae	512,034	542,671	6.0%
Méid uaireanta ar fhreastail daoine ar Rannóga Éigeandála	1,228,524	1,268,991	3.3%
Méid uaireanta ar fhreastail daoine ar lonaid d'othair sheachtracha	2,601,950	2,778,602	6.8%
Breitheanna	58,489	62,745	7.3%

I 2006, an príomhfhócas a bhí an ONO ná an comhtháthú a bhí á dhéanamh ar ospidéil ghéarmhíochaine ar fud na tíre a chur i gcrích, chun go mbeadh córas amháin ann. Bunchuid den iarracht seo ná aonad a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. Tá córas caighdeánaithe um mhonatóireacht feidhmíochta ceaptha ag an aonad seo a úsáidfear i ngach ospidéal.

Atheagrú ar Sheirbhísí Ospidéil

Seo cuid ríthábhachtach den obair a gcaithfidh ag OCO a chur i bhfeidhm. Cinntíonn sé go gcuirtear na seirbhísí cuí ar fáil ar bhealach slán cothrom.

Ospidéal Náisiúnta Péidiatraiceach

Tar éis do FSS coimisiúnú a dhéanamh ar sheirbhísí péidiatraiceacha tánaisteacha agus mar thoradh ar an tuarascáil 'Children's Health First' a d'eascair as sin, thosaigh FSS ag pleanáil d'ospidéal péidiatraiceach nua a bheadh buailte le hospidéal oiliúna do dhaoine fásta.

Bunaíodh Comh-Thascghrúpa idir FSS agus an Roinn Sláinte agus Leanaí. Mhol sé gur chóir an t-ospidéal a thógáil ar shuíomh Ospidéal an Mater Misericordiae. Bhreithnigh Bord FSS an tuarascáil sin, thacaigh siad leis, agus rinne an Rialtas faomhadh uirthi ina dhiaidh sin.

Rinneadh an dara iniúchadh Náisiúnta ar Shláinteachas in Ospidéil. Rinne iniúchóirí neamhspleácha, Desford Consultancy, measúnú ar ospidéil ghéarmhíochaine ar fud na tíre. Cuireadh i gcrích gach iniúchadh ar bhonn randamach agus gan fógra a thabhairt agus rinneadh iniúchadh ar raon réimsí cliniciúla i ngach ospidéal. I measc na réimsí sin bhí an t-aonad d'othair sheachtracha, dianchúram, Rannóga Éigeandála, Bardaí Máinliachta agus Bardaí Speisialtachta mar shampla ortaipéidic, péidiatraic agus oinceolaíocht.

Bunaíodh Comhghhrúpa Idirlinne idir an FSS agus An Roinn Sláinte agus Leanaí chun tús a chur leis an tionscadal. Tabharfaidh sé tuairisc i 2007 ar ghníomhaíochtaí gearrthéarmacha éagsúla. Ina measc seo tá obair ar:

- an suíomh a aistriú ó Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae;
- coimre chreat oibre ardleibhéil a shainiú don ospidéal nua;
- raonta agus suímh a dhéanamh amach do na hionaid chúraim phráinneacha atá molta;
- a dhéanamh amach conas polasaithe a chomhordú idir an t-ospidéal nua agus ospidéil eile, iad siúd lasmuigh de Bhaile Átha Cliath san áireamh;
- bord forbartha a bhunú don ospidéal nua; agus
- féachaint an féidir comhlonnú a dhéanamh ar sheirbhísí máithreachais.

Cur i bhFeidhm san Iarthuaisceart

Toisc méadú a bheith tagtha ar dhaonra an Iarthuaiscirt is gá breathnú arís ar leagan amach na seirbhísí ospidéil ann. Chun dul i ngleic leis seo, rinne an FSS coimisiúnú ar Teamwork Management Services Ltd chun athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí géarmhíochaine. Mhol an tuairisc ag Teamwork, 'Improving Safety and Achieving Better Standards, an Action Plan for Health Services in the North East', plean gníomhaíochta le trí chéim.

Tá sé i gceist sa phlean feabhas a chur ar chaighdeáin agus ar shábháilteacht na seirbhísí sláinte san Iarthuaisceart trí:

- sheirbhísí áitiúla a fhorbairt – le ról lárnach fós ag na cúig ospidéal agus soláthraí cúraim phríomhúil agus pobail atá ann cheana féin;
- ospidéal géarmhíochaine réigiúnach nua a fhorbairt; agus
- na seirbhísí áitiúla agus réigiúnacha seo a nascadh le chéile trí shraith gréasán cliniciúil atá dírithe ar riachtanais na n-othar.

Cuireadh foireann tionscadail le chéile chun an plean gníomhaíochta a chur ar bun, mar a bhí leagtha amach i dtuairisc Teamwork agus faoi threoir an ghrúpa stiúrtha. Ceann de na moltaí lárnacha atá ann ná gréasáin chliniciúla a bhunú i réimsí aitheanta ar leith.

Ospidéal Réigiúnach Nua

Mhol tuairisc Teamwork go mbeadh ospidéal poiblí réigiúnach amháin ag an Iarthuaisceart. Bhí an moladh seo bunaithe ar noirm idirnáisiúnta do dhaonra dobharcheantair de 300,000-500,000 duine d'ospidéil réigiúnacha.

Agus an daonra dobharcheantair don todhchaí á mheas acu, glacadh leis go n-aistreodh líon suntasach den obair a bhain le hothair chónaitheacha atá beartaithe don Iarthuaisceart ó ospidéil Bhaile Átha Cliath go hospidéal nua an Iarthuaiscirt. Ar an gccaoi chéanna, d'aistreodh a lán den obair cáis lae atá ar siúl faoi láthair i mBaile Átha Cliath go dtí an t-ospidéal réigiúnach nua, agus go háiseanna cáis lae eile san Iarthuaisceart.

Cuirfidh an t-ospidéal réigiúnach saintacaíocht agus sainchomhairle ar fáil 24 uair, seacht lá na seachtaine don réigiún ar fad tríd an gcóras gréasáin chliniciúil. Gheobhaidh an t-ospidéal réigiúnach féin tacaíocht ó shainseirbhísí treasacha lasmuigh den réigiún a chuirfidh seirbhísí ar fáil do dhobharcheantair de mhilliún go ceithre mhilliún duine. I measc na seirbhísí seo beidh:

- néarmháinliacht;
- máinliacht chairdiach;
- máinliacht trasphlandaithe; agus
- seirbhísí péidiatraiceacha áirithe

Comhlonnú Ospidéil Phríobháideacha ar Shuíomh na nOspidéal Poiblí

I 2005, d'eisigh an Rialtas treoir um pholasaí don FSS. An aidhm a bhí leis ná leapacha breise a shaoradh d'úsáid phoiblí in ospidéil phoiblí agus áiseanna na n-ospidéal príobháideach a fhorbairt ar shuímh na n-ospidéal poiblí.

Cuireadh tús le próiseas soláthair i 2006 agus tá ocht suíomh sa phróiseas i gcónaí. Is iad seo: Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge, Ospidéal na hOllscoile Corcaigh, Ospidéal Réigiúnach Luimnigh, Ospidéal Ginearálta Shligigh, Ospidéal Beaumont,

Ospidéal Uí Chonghaile, Ospidéal San Séamas, agus Ospidéal Adelaide agus na Mí agus Náisiúnta do Leanaí, Tamhlacht.

Tabharfar faoin dá chéim atá fós le cur i gcrích sa phróiseas caidrimh iomaíoch i gcaitheamh 2007.

Foirgneamh Seirbhísí Cliniciúla nua, seod an tionscadail athfhorbartha €250m ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, BÁC, a osclaíodh go hoifigiúil i mí Iúil 2006. Tá an foirgneamh €60m, 14,000mcr, cúig stór os cionn íoslaigh deartha chun a bheith ina láthair don athnuachan ar ionaid chóireála agus dhiagnóiseacha an ospidéil agus chun Ionad Cúraim Lae Cruinnbhealaigh a chruthú do ghnáthaimh aon lae ag othair sheachtracha. Freastalóidh an foirgneamh nua gach bliain ar bhreis is 40,000 de thinreamh i Rannóga Éigeandála, ina measc seo 10,000 iontráil, 100,000 othar seachtrach agus 15,000 othar cúraim lae, ceithre mhilliún tástáil phaiteolaíochta agus breis is 120,000 x-gha.

Seirbhísí Radaiteiripe

Cuirfear an Plean Náisiúnta um Oinceolaíocht Radaíochta i bhfeidhm sna blianta beaga atá romhainn. Is é atá ann ná na hionaid teiripe radaíochta príomhúil ag:

- Ospidéal San Séamas, BÁC;
- Ospidéal Beaumont, BÁC;
- Ospidéal Ollscoile Chorcaí; agus
- Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.

Sa phlean náisiúnta beidh dhá chianionad chomhtháite i gceist freisin. Beidh ceann amháin lonnaithe in Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge ina mbeidh dhá luasaire líneacha faoi bhainistíocht Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh. Beidh an ceann eile in Ospidéal Réigiúnach Luimnigh agus beidh dhá luasaire líneacha anseo, iad comhtháite le hOspidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh.

Foinsí teiripe radaíochta eile

Idir an dá linn, tá teiripe radaíochta faighte ag ONO ó fhoinsí eile chun freastal ar na riachtanais mhéadaithe atá ag othair.

Ospidéal Réigiúnach Luimnigh

I 2006, bhí a chéad bhliain iomlán seirbhíse ag aonad ar láthair Ospidéal Réigiúnach Luimnigh. Thóg Iontaobhas an ospidéil an t-aonad seo agus is Ospidéal Príobháideach an Mater a bhí i bhfeighil an aonaid. Is ar bhonn príobháideach a ritear an t-ionad seo i gcomhar leis an bPlean Náisiúnta um Oinceolaíocht Radaíochta.

Ospidéal Chathair Bhéal Feirste

D'oibrigh an FSS i gcomhar le Working Together chun dul i mbun comhaontais seirbhíse le hOspidéal Chathair Bhéal Feirste. Ciallaíonn sé seo gur féidir le hothair a atreoraítear le haghaidh radaiteiripe ó Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn rogha a dhéanamh cóireáil a fháil i mBéal Feirste seachas i mBaile Átha Cliath nó aonaid radaiteiripe eile sa Stát.

Tá fáil ag othair ó Dhún na nGall ar áiteanna sa láthair radaiteiripe d'othair sheachtracha in Ospidéal Chathair Bhéal Feirste de réir mar is gá. Glacfar iad mar othair chónaitheacha san ospidéal nuair atá riachtanas cliniciúil ag baint leis. Leis an gcomhaontú seo beidh suas le 50 othar ábalta cóiriú a fháil ann sa chéad bhliain.

Clinic Whitfield, Port Láirge

D'aontaigh FSS comhaontú seirbhíse eatramhach le Clinic Whitfield i bPort Láirge le Seirbhísí Radaiteiripe a sholáthar d'othair san Oirdheisceart.

Forbairtí Duánacha

Beidh méadú suntasach ar an éileamh ar sheirbhísí duánacha go náisiúnta amach anseo. Ní mór do sheirbhísí leanúint orthu ag forbairt gach bliain chun cumas breise scagdhealaithe a sholáthar do suas le 200 othar nua sa bhliain. Mar thoradh air seo táthar tar éis tabhairt faoi mhéid áirithe tionscnamh::

An tAthbhreithniú ar an Straitéis Dhuánach Náisiúnta

Lean an tAthbhreithniú ar an Straitéis Dhuánach Náisiúnta ar aghaidh le linn 2006. An aidhm atá leis ná:

- moltaí a dhéanamh maidir le seirbhís dhuánach ar ardchaighdeán agus dírithe ar othair;
- freastal ar an éileamh atá ann faoi láthair agus amach anseo;
- na cleachtais is fearr mar atá anois a chur san áireamh; agus
- an úsáid agus an tairbhe is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.

Forbairtí sa tSeirbhís Dhuánach

Fuair FSS €8m ar fad i 2006 le haghaidh seirbhísí duánacha chun tacú le costais soláthair scagdhealuithe agus le clár athphlandaithe duáin ó dheontóirí gaolmhara atá beo. Dáileadh an maoiniú ar aonaid scagdhealuithe ionas go bhféadfaidís a mbonneagar agus a soláthair sealanna scagdhealuithe a leathnú.

Tá FSS tar éis oibriú chun an cumas atá ann faoi láthair a fhorbairt agus chun réamh-mholtaí an Athbhreithnithe ar an Straitéis Dhuánach Náisiúnta a chur i bhfeidhm.

Molann an tAthbhreithniú gur chóir go bhfaigheadh gach othar scagdhealaithe cóireáil laistigh de limistéar taistil 60 nóiméad ó bhaile.

Sheol Ospidéal Ollscoile na Trócaire (MUH) Corcaigh clár Athshlánaithe Scamhógach chun cóireáil a chur ar othair le breoiteacht riospráide ainsealach ar bith. Tá foireann ildisciplíneach páirteach sa chlár seo agus is sraith clár cleachtaí agus léachtaí/seisiúin oideachais a bheidh i gceist leis thar tréimhse ocht seachtaine.

Cumas Nua

Ospidéal Ollscoile Chorcaí: Táthar ag plé leis an méadú cumais le raon tionscnamh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Rinne Ospidéal Ollscoile Chorcaí maoiniú ar chlár leathnaithe. Mar thoradh air seo beidh ocht stáisiún cóireála nua ar oscailt faoi lúil 2007, agus ceann acu ina aonad leithlise tiomnaithe.

Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann: D'oscail áis scagdhealaithe úrscothach naoi stáisiún in Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann. Chiallaigh sé seo go bhféadfadh othair aistriú ó na haonaid a bhí ann cheana go dtí an t-aonad duánach ainsealach tiomnaithe nua don ospidéal.

Cill Chainnigh: Fuair breis is 30 othar cóireáil san aonad scagdhealaithe príobháideach i gCill Chainnigh. Ciallaíonn an tseirbhís áitiúil nua seo nach gá d'othair taisteal trí huaire sa tseachtain go Baile Átha Cliath le haghaidh scagdhealaithe.

Tuaisceart Bhaile Átha Cliath: Tá socrú sealadach déanta ag an FSS le scagdhealú a chur ar fáil do 30 othar breise i dTuaisceart Bhaile Átha Cliath. D'ísligh sé seo an brú ar Ospidéal Beaumont, áit ina bhfuil seirbhís 24 uair fós i bhfeidhm.

Soláthraithe Eile: Thosaigh an FSS ag glacadh le tairiscintí chun painéal de sholáthraithe atá cáilithe go feiliúnach a bhunú a d'fhéadfaí a chur ar chonradh chun seirbhísí haema-scagchealaithe a sholáthar pé uair agus pé áit ina mbeidís ag teastáil.

Agus cinneadh á dhéanamh cé acu soláthraithe a gheobhaidh conradh, is iad seo na príomh-chúinsí a chuirfidh an FSS san áireamh:

- caighdeán an chúraim;
- luach ar airgead;
- suíomh; agus
- achar ama le seirbhísí a sholáthar.

An príomhbhuntáiste a bhaineann leis na conarthaí seo ná go gcuirfidh siad ar chumas an FSS gníomhú go tapa chun an cumas a mhéadú nuair a thagann gá lena thuilleadh.

Tá sé i gceist ag an FSS an cumas scagdhealaithe a mhéadú ar fud na tíre le measc an d'aonaid phoiblí agus phríobháideacha. Fanfaidh na hothair, áfach, faoi chúram an neifreolaí san ospidéal poiblí a rinne atreorú orthu.

Clár Deontóirí Beo

I 2006, fuair an FSS maoiniú chun Clár Deontóirí Beo a bhunú. Tá an clár lonnaithe in Ospidéal Beaumont agus meastar go gcosnóidh sé tuairim is €2m. Tugadh faoi cheithre athphlandú le deontóirí beo i rith 2006.

Rinneadh earcaíocht ar ocht mball foirne breise don chlár le linn 2006. Ina measc seo bhí triúr comhairleoirí, beirt eolaithe leighis agus beirt Altraspeisialtóirí Chliniciúil – duine acu siúd ina chomhordnóir athphlandaithe.

Casemix

Clár Náisiúnta um Bainistíocht Bunaithe ar Fhianaise

Tugann Casemix luaíocht d'ospidéil a fheidhmíonn go maith. Tá sé ar an gclár gníomhaíochta d'ospidéil ghéarmhíochaine 'bunaithe ar fheidhmíocht' is mó a nglactar go hidirnáisiúnta leis. Déanann Casemix rangú agus catagóiriú ar an aschur ag ospidéil. Cuireann sé seo le:

- cothromas;
- éifeachtacht; agus
- trédhearcacht.

Úsáidtear Casemix i nach mór gach tír ina bhfuil córas cúraim shláinte forbartha.

Comhshnaidhmeann Casemix dhá chlár náisiúnta:

- an clár Fiosruithe d'Othair Chónaitheacha na nOspidéal (CFOCO); agus
- an clár Costála Speisialtóireachta.

Is iad na cláir CFOCO agus Costála Speisialtóireachta na céadchéimeanna i leathnú mór ar Casemix. Tá siad mar chrann taca lárnach sa phróiseas maoinithe ospidéil.

Bailíonn an CFOCO coimriú de shonraí cliniciúla agus gníomhaíochta déimeagrafacha i 60 ospidéal go náisiúnta. Astu seo, glacann 37 páirt sna cláir Chostála

Cuireadh tús le Seirbhís Altra Idirchaidrimh um Chomhairle Síciatrach in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre an Mhuilinn Chearr lena chinntiú gur féidir measúnú a dhéanamh ar othair chónaitheacha a bhfuil seirbhísí meabhairshláinte de dhíth orthu. Cuirtear measúnú cuimsitheach meabhairshláinte ar fáil do gach othar a atreoraítear chuig na seirbhísí seo. Ina measc tá idirchaidreamh, oideachas, tacaíocht agus comhairle don fhoireann agus d'othair araon. Ta seirbhís leantach ar fáil freisin do na hothair sin a thagann i láthair dochtúra le parai-fhéinmharú agus a scaoiltear abhaile roimh mheasúnaithe.

Speisialtóireachta agus Casemix. Tá freagracht ar na 37 ospidéal seo maidir le 95% de gach iontráil in ospidéil ghéarmhíochaine agus maidir le breis is €4bn de chostais.

Úsáidtear na sonraí sin don bhainistíocht ar bhonn náisiúnta. Cuirtear na sonraí ar fáil freisin do phleanálaithe san Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus san Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

Athbhreithniú Náisiúnta ar Sheirbhísí Míochaine Saotharlainne

Tá seirbhísí míochaine saotharlainne gátarach chun tacú le soláthar cúraim ar ardchaighdeán d'othair. Caithfidh saotharlanna iad féin feidhmiú de réir caighdeáin aitheanta idirnáisiúnta chun caighdeán agus cruinneas a gcuid oibre a chinntiú agus iad páirteach i gcúram othair. Tugadh faoi athbhreithniú iomlán ar mhíochaine saotharlainne i measc 41 ospidéal géarmhíochaine i 2006 agus tá forbairt déanta ar mhodh molta soláthar seirbhíse.

Iniúchadh Sláinteachais

Rinneadh an dara hiniúchadh náisiúnta sláinteachais ar gach ceann de na 52 ospidéal géarmhíochaine. Bhí feabhas tagtha ar an scór iomlán ag beagnach gach ospidéal i ndiaidh an chéad iniúchta. Léirigh cuid de na hospidéil ag a raibh scór 'olc' sa chéad iniúchadh an feabhas ba shuntasaí.

Tá glaineacht riachtanach in ospidéil. Tá roinnt mhaith oibre déanta le caighdeáin sláinteachais a fheabhsú ag leibhéal na n-ospidéal agus go náisiúnta. Bhí baint ag baill foirne ó gach disciplín leis an obair seo.

I 2006 d'fhorbair an FSS Caighdeán Seirbhísí Sláinteachais Náisiúnta i gcomhar le Bord Creidiúnaithe Sheirbhísí Sláinte na hÉireann agus dháileamar Lámhleabhar Glantacháin Náisiúnta ar gach ospidéal.

Tábla 18: Iniúchadh Sláinteachais 2005 agus 2006

Catagóir	Iniúchadh 2005	Iniúchadh 2006
Go Maith	5	32
Measartha	23	19
Olc	26	2

Cúram Éigeandála Réamh-Ospidéil agus Seirbhísí Otharcharranna

An phríomhfheidhm atá ag Cúram Éigeandála Réamh-Ospidéil ná freagra cliniciúil feiliúnach agus tráthúil a thabhairt ar ghlaonna éigeandála agus práinneacha. Cuireann an tSeirbhís Otharcharranna seirbhís iompair othar nó cliant ar fáil freisin. Tá sé seo ann chun freastal ar na riachtanais aitheanta acu siúd nach bhfuil ábalta gnáthchórais iompair poiblí a úsáid.

Plean Earnálach

Bhí 260,242 glaoch éigeandála nó práinneach ann; mhéadaigh glaonna iompair ag othair nó cliaint go 640,926. Bunaíodh grúpa trasfheidhmiúil i 2006 chun creat oibre polasaí náisiúnta agus córas measúnaithe riachtanais a fhorbairt.

Leanfaidh an obair seo ar aghaidh i 2007 nuair a fhéachfaidh an grúpa ar na himpleachtaí a thiocfaidh ón 'Sectoral Plan, Transport Access for All'. D'ullmhaigh an Roinn Iompair an cháipéis seo de réir a freagrachtaí faoin Acht um Míchumas 2005.

Cuireadh tús le Seirbhís nua Máinliachta Cardatóracsach in Ospidéal Choláiste na hOllscoile, Gaillimh. Cuirfear obrádlann chairdiach, barda 10 leaba, ceithre leaba ardspleáchais agus trí leaba dianchúraim ar fáil ar bhonn céimnithe. Cuireadh maoiniú de €3.29m ar fáil i 2006.

Teicneoir Leighis Éigeandála tugtha isteach

Tugadh grád paraimhíochaine an Teicneora Leighis Éigeandála isteach sa tSeirbhís Cúraim Éigeandála Réamh-Ospidéil.I 2006 bhí éifeacht shuntasach ag an ardleibhéal idirghabhála cliniciúil seo ar fheidhmíocht agus ar thorthaí cliniciúla. Bhíothas ábalta dá bharr sin córais náisiúnta a fhorbairt sna réimsí seo a leanas:

- bainistiú feidhmíochta cliniciúil;
- dearbhú cáilíochta; agus
- iniúchadh cliniciúil.

Plean Caipitil na Seirbhíse Otharcharranna

Forbairt mhór eile le linn 2006 ba ea ceadú an Phlean Caipitil (2006-2010). Thar thréimhse an phlean cuirfear feabhas mór ar an mbonneagar. I measc na bpleananna tá:

- 18 stáisiún d'otharcharranna nua nó athsholáthair;
- feabhas mór ar stáisiúin otharcharranna eile;
- Lárionaid nua Ceannais agus Rialaithe;
- córais chumarsáide leasaithe; agus
- córas struchtúrtha um athsholáthar cabhlaigh

Ciallaíonn an ciste athsholáthair cabhlaigh struchtúrtha gur féidir méid áirithe feithiclí a cheannach gach bliain. Cinntíonn sé seo go laghdaítear na baoil sábháilteachta agus na costais chothabhála.

Soláthraíodh 65 otharcharr le linn 2006. Caithfidh na feithiclí seo na sonraíochtaí mar atá leagtha síos i gCaighdeán EC (CEN 1789:2000) a chomhlíonadh. Ceannaíodh seacht bhfeithicil freagartha freisin agus tá pearsanra ar leith á n-úsáid seo mar chuid de chreat oibre freagartha teagmhais bainistithe.

Pleanáil don Todhchaí

Tugadh cúpla clár chun críche a mhúnlóidh feidhmiú agus bainistiú na seirbhíse. Ina measc seo tá staidéar a shocróidh an bealach is fearr leis an gcabhlach otharcharrranna a úsáid.

Ceapadh Bainisteoirí Sinsearacha agus Stiúrthóir Leighis i 2006. Beidh freagracht orthu siúd i réimsí feidhmíochta mar:

- oibríochtaí;
- ceannas agus rialú;
- pleanáil éigeandála;
- traenáil agus forbairt; agus
- cabhlach, trealamh agus eastáit.

A bhuíochas leis an tseirbhís chomhairle leighis 24 uair, saor in aisce, a chuir Ospidéal Ollscoile Chorcaí ar bun le haghaidh mairnéalach, níl ach leath an méid glaonna anois á fháil le haghaidh héileacaptar dóibh siúd a gortaítear nó atá breoite agus iad ar muir. Tá an tseirbhís seo lonnaithe i Rannóg Éigeandála Ospidéal Ollscoile Chorcaí agus tá sé ar an aon 'ionad comhairliúcháin leighis ar raidió' a chuireann comhairle ar fáil do mhairnéalaigh sa réigiún 'Search and Rescue' de Mhuir Éireann agus do mhairnéalaigh ar fud an domhain. Is é an Irish Coast Guard a ritheann an tseirbhís seo.

Cás-Staidéar

Clár Scaoilte Abhaile Luath

Dhá bhliain ó shin tháinig Tom Ó Sé (ainm bréige é seo) i láthair dochtúra arís i Rannóg Éigeandála Ospidéal Beaumont. Is duine é atá ag fulaingt le Galar Scamhógach Bacúil Ainsealach (COPD) agus bhí sé sáite i bhfáinne fí na breoiteachta. Toisc gearranáil a bheith air d'fhan sé róshocair, suite agus spleách agus dá bharr sin thagadh babhtaí gearranála air níos minice.

Go gairid tar éis dó sroicheadh thoiligh sé páirt a ghlacadh i COPD nuálaíoch an ospidéil.

I ndiaidh a mheasúnaithe, ordaíodh ocsaigin shoghluaiste dó don leibhéal íseal ocsaigine a bhí aige fad a bhí sé ag siúl nó ag gluaiseacht thart agus scaoileadh abhaile an lá céanna é. Chomh maith le súil ghéar a choinneáil air ar feadh cúpla seachtain ina dhiaidh sin, spreag an fhoireann é le bheith páirteach sa Chlár Athshlánaithe Scamhógach. Anois tá athrú mór tagtha ar a shaol. Tá deireadh leis an ngearranáil shíoraí, níl sé leath chomh spleách ar dhaoine eile agus déanann sé cleachtaí aclaíochta go rialta sa bhaile ag úsáid a rothair aclaíochta agus a mheáchain féin.

Tá Tom ar dhuine de bhreis is 400 othar a bhain tairbhe as an scéim for-rochtana seo. Cuireann an fhoireann for-rochtana seirbhís "ospidéal-sa-bhaile"

ar fáil d'othair atá diagnóisithe le COPD dianaithe. Is é atá sa tseirbhís seo ná Comhordaitheoir Altraí Riospráide, Altraspeisialtóir Riospráide agus Fisiteiripeoir Sinsearach, iad go léir ag obair faoi stiúir Chomhairleoirí Riospráide.

Faoin gClár Scaoilte Abhaile Luath déantar measúnú ar othair féachaint an bhfuil siad oiriúnach laistigh de 72 uair ó am a ghlactar isteach iad. Má thoilíonn siad a bheith páirteach tugtar na cógais fheiliúnacha dóibh agus néalaitheoir más gá. Insítear láithreach do dhochtúirí teaghlaigh faoin bplean cúraim agus téann duine den fhoireann ar cuairt chucu ar an lá a scaoiltear iad, más féidir, agus gach lá ar feadh trí lá ina dhiaidh sin. Tugtar cuairt orthu chomh minic agus is gá don chéad choicís ina dhiaidh sin sula scaoiltear leo ar ais faoi chúram a ndochtúra teaghlaigh féin.

Tugtar cuairt orthu arís tar éis sé seachtaine agus tar éis trí mhí agus déantar atreorú ar othair, más gá, chuig na seirbhísí pobail cuí. Bhí tionchar an-mhór ag an gclár seo ar an tréimhse a chaitear san ospidéal ar an meán d'othair COPD áirithe.

Seirbhísí Tacaíochta

Tá an FSS ar an eagraíocht is mó sa Stát, leis an mbuiséad is mó agus breis is 100,000 duine fostaithe (go díreach agus go hindíreach). Tá na seirbhísí tacaíochta ríthábhachtach i rith éifeachtach na heagraíochta.

Cinntíonn siad freisin go gcaitear an t-airgead a chuireann an Rialtas ar fáil do FSS go héifeachtúil agus go críochnúil chun leas agus sláinte an phobail a chothú agus a chosaint. Cabhraíonn siad le FSS a freagracht don Aire, don Oireachtas agus don phobal i gcoitinne a chomhlíonadh ar bhealach oiriúnach tráthúil.

Tá méid áirithe Stiúrthóireachtaí i gceist le Seirbhísí Tacaíochta FSS Ina measc tá:

- Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta;
- Acmhainní Daonna;
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide;
- Airgeadas;
- Soláthar;
- Eastáit; agus
- Oifig an POF.

Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta

Tá forbairt agus cur i bhfeidhm céimneach á dhéanamh ar an múnla don Chlár um Sheirbhísí Comhroinnte Náisiúnta i gceithre phríomhchéim:

- pleanáil;
- dearadh;
- tógáil; agus
- imscaradh.

Don fhrámaíocht seo b'éigean múnla oibriúcháin a chruthú chun fairsinge na seirbhís a shainiú agus plean forfheidhmithe a chur le cheile ag léiriú na rioscaí, spleáchais agus acmhainní i measc rudaí eile.

Céim 1
Thosaigh Céim 1 den Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta i mí Feabhra 2006. Bhreathnaigh sé ar thrí phríomhréimse:

- an cás gnó;
- an múnla oibriúcháin; agus
- an dearadh eagraíochta.

Críochnaíodh é ag deireadh mhí an Mheithimh 2006.

Céim 2
Céim 2 – an Miondearadh – thosaigh sé seo i Meán Fómhair 2006. Rinneadh dianscrúdú anseo ar na tátail a tháinig ó Chéim 1 agus na roghanna a bhí ann maidir le cur i bhfeidhm na Seirbhísí Comhroinnte laistigh de FSS amach anseo.

I gCéim 2 freisin ullmhaíodh an cás críochnaithe gnó don tionscadal agus míníodh conas a chuirfí i bhfeidhm é. Ag machnamh ar an riachtanas atá ann rioscaí a mhaolú agus na buntáistí is mó a fháil as cinneadh d'uireasa córais amháin TF traseagraíochta, gurb é an bealach is oiriúnaí le Seirbhísí Comhroinnte a chur i bhfeidhm ná trí gach ceann de na stiúrthóireachtaí feidhmeacha. Tá an cur chuige seo cosúil leis an mbealach oibre atá ag eagraíochtaí móra eile.

Sheol FSS Polasaí Soláthair nua i 2006 le haghaidh an chaiteachais ar sholáthairtí, ar oibreacha agus ar sheirbhísí. Faoin bpolasaí nua seo, déanfar gach ceannachán a dhéanann FSS ag baint úsáide as cur chuige amháin atá aontaithe agus caighdeánaithe. Sa mhéid gurb ionann caiteachas iomlán FSS ar sholáthairí agus ar sheirbhísí agus breis is €3 bhilliún, 'fhéadfadh na treoirlínte leasaithe seo na milliúin a chosaint – airgead a d'fhéadfaí a úsáid i seirbhísí tosaigh d'othair.

Cuirfidh Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta ar chumas FSS:

- dúbailt a laghdú;
- barainneachtaí mórscálacha a chumasú;
- ionaid faisnéise a chruthú;
- cuidiú le saintaithí a roinnt; agus
- comhsheasmhacht leanúnach a bhaint amach sa bhealach ina ndéantar rudaí.

Na Chéad Chéimeanna Eile

Tar éis don Bhord glacadh leis na moltaí ó Chéim 2, leanfaidh an obair ar aghaidh i 2007 agus cuirfidh na stiúrthóireachtaí feidhmeacha na Seirbhísí Comhroinnte i bhfeidhm. Na ceithre stiúrthóireacht ná:

- Acmhainní Daonna;
- Airgeadas;
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide; agus
- Soláthar.

Déanfaidh Coiste Rialachais Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maoirseacht ar an bpróiseas.

Acmhainní Daonna

Cuireadh struchtúr Acmhainní Daonna (AD) FSS i gcrích i 2006. Tá FSS ar an bhfostóir aonarach is mó sa Stát agus taispeánann an struchtúr AD seo an riachtanas atá aige mar an príomhpháirtí straitéiseach i soláthar seirbhísí sláinte.

Nithe Suntasacha a Cuireadh i gCrích

Breis is 500 Altra agus Cnáimhseach Earcaithe

Tá an beart déanta ag AD i bpríomhréimsí mar earcaíocht agus tacaíochtaí traenála eagraíochta. Mar shampla, i 2006 d'earcaigh FSS breis is 500 altra agus cnáimhseach go hidirnáisiúnta agus cuireadh an fhoireann tosaigh seo i mbun oibre ar fud na tíre.

Foirne Cúraim Phríomhúil

Bhí tionscnaimh mhóra mar an próiseas earcaíochta d'Fhoirne Cúraim Phríomhúil tiomnaithe breise agus idirghabhálacha traenála agus deartha eagraíochtúla a bhí bainteach leis, mar ghné lárnach den obair a bhí ar siúl ag AD i 2006.

Rialú Fostaíochta

Tá FSS tiomanta a chinntiú go mbeidh an líon foirne ceart aige, leis na cáilíochtaí cearta agus iad lonnaithe sna háiteanna cearta chun an caighdeán ard seirbhíse lena bhfuil an pobal ag súil a sholáthar.

I 2006, cuireadh Aonad Monatóireachta Fostaíochta Náisiúnta (AMFN) ar bun chun Frámaíocht Rialaithe Fostaíochta FSS a riaradh. Cuireann an t-aonad cur chuige comhtháite ar fáil le comhordú a dhéanamh ar eolas leis na córais soláthair agus na feidhmeanna airgeadais agus AD. Cinntíonn sé freisin go bhfuil córas faofa, caighdeánach ann le folúntais foirne a líonadh.

Tá sé seo gátarach mar go gcinntíonn sé go mbíonn comhionann lánaimseartha agus maoiniú ceangailte le forbairtí seirbhíse. Cinntíonn sé freisin go bhfuil FSS ábalta cuspóirí an Rialtais maidir le líon na n-oibrithe fostaithe a chomhlíonadh.

Taispeánann Tábla 19 an t-athrú i bhfigiúirí agus mar chéatadán idir 2005 agus 2006 i leibhéil fostaíochta i ngach catagóir laistigh de FSS.

Tá frámaíocht monatóireachta fostaíochta curtha ar bun ag FSS freisin chun líonadh na bhfolúntas i FSS a riaradh go maith. Sa fhrámaíocht seo tá:

- poist chorparáideacha FSS;
- poist a bhfuil éifeacht ag an bpróiseas leasaithe orthu; agus
- athsholáthar ar phoist faofa agus mhaoinithe nach bhfuil éifeacht ag an bpróiseas leasaithe orthu.

Déanann FSS measúnú agus forbairt ar na córais rialaithe fostaíochta i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí. Cinntíonn sé seo go ndéantar bainistiú éifeachtach ar leibhéil fostaíochta sna seirbhísí sláinte.

Tá anailís ghrinn ar fhigiúirí Fostaíochta sna Seirbhísí Sláinte le feiceáil i dTábla 20

Rinne oibrithe sláinte in Ospidéal Naomh Muire, Páirc an Fhionnuisce ceiliúradh ar oíche do Chultúir Éagsúla agus bhí daoine ó bhreis is 15 náisiún i láthair. Aidhm amháin a bhí leis ná tuiscint ar chultúir na gcomhghleacaithe uile a chur chun cinn agus saibhreas a chur le cultúr na hÉireann.

Tábla 19: Fostaíocht Seirbhíse Sláinte (comhionainn lánaimseartha) amhail an 31 Nollaig 2005 agus 2006

Catagóir Seirbhíse	Líon 2005	Líon 2006	Líon an Athrú	% an Athrú
Leigheas/ Déadach	7,266	7,710	444	+6
Altranas	35,248	36,745	1,497	+4
Gairmithe Cúraim Shláinte agus Shóisialta	13,952	14,929	977	+7
Bainistíocht/ Riarachán	16,699	17,254	555	+3
General Support Staff	14,945	12,877	-2,068	-14
Foireann Tacaíochta Ginearálta	13,867	16,757	2,890	+21
Total	101,977	106,272	4,295	+4

Caidreamh Tionsclaíoch

Treoir Eorpach um Eagrú Ama Oibre (TEEAO)

I 2006, cheadaigh an Grúpa Forfheidhmithe Náisiúnta ar an Treoir Eorpach um Eagrú Ama Oibre 18 tionscadal píolótach chun breathnú ar bhealaí praiticiúla le huaireanta oibre an NCHD a laghdú ionas gur féidir a bheith ag cloí leis an TEEAO. Chlúdaigh na tionscadail seo raon leathan speisialtachtaí agus bhí moltaí ann maidir le hathruithe i meascadh scileanna agus cleachtais, traschlúdach a leathnú, polasaí glaoire a fhorbairt, atheagrú ar mhalartú foirne agus forbairt ar dheiseanna chun cuid den ualach oibre a chríochnaítear san oíche a aistriú go lá nó go lá oibre sínte.

Conradh Comhairleora Ospidéil

Thosaigh cainteanna in athuair ar chonarthaí nua do Chomhairleoirí Ospidéil i 2006.

De dheasca dianchainteanna cuireadh tús arís leis an bplé go déanach i 2006. Tá an conradh seo ríthábhachtach agus an tseirbhís sláinte á athrú agus uaireanta solúbtha oibre ag teastáil. Chuir an FSS dréacht-chonradh nua chun cinn a bhí mar bhunús le leanúnachas na gcainteanna don chuid eile den bhliain.

Cumann Altraí na hÉireann agus Cumann Altraí Síciatracha na hÉireann

I Nollaig 2005 sheirbheáil Cumann Altraí na hÉireann agus Cumann na nAltraí Síciatracha ocht n-éileamh ar FSS a lean ar aghaidh le linn 2006. Orthu seo bhí laghdú sa tseachtain oibre agus méadú tuarastail.

Cuireadh an t-aighneas faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus ina dhiaidh sin chun na Cúirte Oibreachais i Meitheamh 2006. D'eisigh an Chúirt Oibreachais a moladh i mí na Samhna 2006 ag tacú le tagarmharcáil mar chóras cóir d'fhostaithe na hearnála poiblí le breathnú ar cheisteanna maidir le pá agus coinníollacha agus ghlac FSS leis seo.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Córas Comhtháite Bainistithe Othair

Ba é an córas comhtháite bainistithe othair an príomhchlár a cuireadh i bhfeidhm i 2006.

Tábla 20: Fostaíocht Seirbhíse Sláinte (comhionainn lánaimseartha) amhail an 31 Nollaig 2006 Anailísithe trí Chatagóir Seirbhíse

Catagóir Seirbhíse	Oifig Náisiúnta na nOspidéal Líon	Cúram Pobail & Leanúnach Líon	Seirbhísí Corparáideacha & Tacaíochta Líon	Sláinte Seirbhíse Daonra Líon	Iomlán
Leigheas/déadach	5,801	1,794	24	92	7,710
Altranas	20,032	16,581	119	12	36,745
Gairmithe Cúraim Sláinte agus Sóisialta	5,971	8,856	39	63	14,929
Bainistíocht/riarachán	7,943	6,654	2,347	311	17,254
Foireann Tacaíochta Ginearálta	6,981	5,449	445	1	12,87
Cúram othair agus cliaint eile	4,581	12,115	15	46	16,757
Iomlán	51,309	51,449	2,988	524	106,272

* Tá difríochtaí beaga sna hiomláin toisc iad a bheith slánaithe

Cuireadh ar bun é i mbreis is 20 ospidéal, ina measc seo:

- gach ospidéal géarmhíochaine i ngréasán ospidéil an Iarthuaiscirt;
- Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh;
- Ospidéal Ginearálta Chiarraí; agus
- Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn.

Leis an gclár seo rinneadh suiteáil ar bhogearraí ríomhaireachta chun glacadh othair agus othair sheachtracha a chlúdach; agus réimsí cliniciúla cosúil le bainistiú obrádlainne.

Telesynergy

Tháinig tacaíocht leanúnach do thionscadal Telesynergy (teile-mhíochaine oinceolaíochta radaíochta) a bhuíochas le maoiniú Faisnéise Caipitil. Cuireann Telesynergy ar chumas cianláithreacha nascadh le hionaid ailse réigiúnacha le haghaidh comhairle. Tá forbairt leanúnach á dhéanamh ar theile-mhíochaine agus is réimse é seo a bhfuil gá aige le tuilleadh infheistíochta i 2007.

Health Atlas

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tionscadal Atlais sláinte. Cuideoidh sé le húsáid sonraí geospásúla (mapáil agus suíomh) le haghaidh iniúchtaí, soláthar seirbhísí agus pleanáil sláinte poiblí.

Réitigh Ghnó um Acmhainní Daonna

Rinneadh athbhreithniú críochnúil ar an PPARS (Párolla Pearsanra agus Córais Ghaolmhara) i 2006. Dhearbhaigh sé seo go bhfuil an córas reatha PPARS ag cur córais AD ar fáil do chuid mhaith de FSS agus ag íoc tuairim is 30,000 ball foirne. Rinne sé amach freisin go bhfuil a lán oibre fós le déanamh chun cothromas a chur sa ghné párolla den chóras agus d'aithin sé na réimsí ina bhfuil sé seo le déanamh chun na buntáistí is mó a fháil as. Ós rud é go ndearnadh an dearadh bunaidh i gcomhthéacs seanstruchtúir na mBord Sláinte, dhearbhaigh an t-athbhreithniú gur gá meastóireacht bhreise a dhéanamh chun na riachtanais AD/ghnó faoi leith ag struchtúr aontaithe FSS a shonrú.

Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, bunaíodh grúpa Tionscadail Réitigh Ghnó um Acmhainní Daonna i nDeireadh Fómhair 2006 chun na tascanna seo a chur i gcrích. Tabharfaidh sé a thuairisc i Samhradh 2007. Idir an dá linn, tá cur i bhfeidhm céimneach an PPARS ar athló.

Bonneagar

Críochnaíodh athbhreithniú mórscálach ar bhonneagar TFC na Feidhmeannachta i rith na bliana. Clúdaíonn bonneagar TFC gach uile ghréasán, bhogearraí agus chrua-earraí ríomhaireachta a chuireann ardán ar fáil dár bpríomhchórais faisnéise. Cuireann sé seirbhísí bunúsacha ar fáil freisin mar ríomhphost agus fáil ar an idirlíon don 40,000 úsáideoir ríomhaire i FSS.

Tabharfar faoin obair sna trí go cúig bliana atá amach romhainn. Ag an am céanna, cuireadh maoiniú caipitil suntasach ar fáil chun an bonneagar TFC atá ag FSS faoi láthair a chothabháil. Cuideoidh sé seo le comhlachtaí deonacha agus neamhreachtúla eile atá maoinithe ag FSS chomh maith.

Airgeadas

Cuireann Stiúrthóireacht Airgeadais FSS seirbhís tacaíochta ar fáil do mhóreagraíocht FSS iomlán agus soláthraíonn sé eolas faoi airgeadas go rialta don POF, atá freisin ina Oifigeach Cuntasóireachta don Vóta, agus do Bhord FSS. Riarann lucht Airgeadais gach príomhghaol inmheánach agus seachtrach a théann i bhfeidhm ar acmhainní FSS.

I 2006 thosaigh an Stiúrthóireacht Airgeadais Céim 1 de thionscadal chun Rialacháin Airgeadais Náisiúnta a fhorbairt, a chlúdaíonn an timthriall "ceannach le híoc". Críochnaíodh agus seoladh an Chéim seo i nDeireadh Fómhair 2006.

Mar chuid den chlár forfheidhmithe do Chéim 1, tionóladh méid áirithe imeachtaí cumarsáide ar fud na tíre, le tacaíocht ó chrainn taca sinsearacha Airgeadais agus Seirbhíse. Bhí tuairim is 1,200 ball foirne i láthair.

Tá Céim 2, a chlúdóidh ábhair mar an timthriall airgid tirim agus ioncaim, párolla agus costais foirne atá beartaithe le haghaidh 2007.

Aidhm an tionscadail seo ná sraith Rialachán Airgeadais Náisiúnta comónta amháin a fhorbairt. Léireoidh siad seo agus beidh siad mar bhunús do thimpeallacht rialaithe inmheánach téagartha laistigh den tseirbhís sláinte.

I 2006, rinne foireann tionscadail athbhreithniú ar rialúcháin inmheánacha, foireann ina raibh Bainisteoirí Sinsearacha le saintaithí i réimsí airgeadais, iniúchadh agus rialúcháin. Fuair an fhoireann tionscadail comhairle agus tacaíocht ón bhForas Riaracháin. Dhírigh an t-athbhreithniú ar:

- éifeachtacht agus feidhm na n-oibríochtaí;
- Iontaofacht na gcóras tuairiscithe airgeadais agus na gcóras cuntasaíochta gaolmhara; agus
- cloí le dlíthe agus rialacháin infheidhmithe.

Bhí seicliosta éifeachtachta rialaithe agus agallaimh déthaobhach le 90 Bainisteoir Sinsearach sa tuairisc. San áireamh sna hagallaimh bhí an fhoireann bainistíochta corparáidí ar fad agus bainisteoirí eile a roghnaíodh go fánach ó gach céim san eagraíocht.

Fuarthas i dtuairisc na foirne tionscadail go raibh na córais rialaithe i FSS slán go bunúsach; agus go raibh na rialúcháin a bhí ag teastáil chun déileáil leis na príomhrioscaí cheana féin ann agus ag feidhmiú go maith. Rinneadh méid áirithe moltaí ar chóir go dtabharfaidís leo treisiú níos mó in éifeacht an chórais rialaithe inmheánach laistigh de FSS.

Buiséad 2005 agus 2006

Léiríonn Tábla 21 an chaoi a ndearnadh soláthar meastacháin gach bliana a leithdháileadh ar sheirbhísí mar chuid de phróiseas leithdháilte buiséid FSS. An céatadán den bhuiséad iomlán a caitheadh ar sheirbhísí tacaíochta ná 4.84%. An cuspóir atá ag FSS ná caiteachas a bhainistiú d'fhonn an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní i seirbhísí tosaigh.

Soláthar

Le linn 2006 sheol an FSS a Polasaí Soláthair.

Éilíonn an polasaí obair thréan thrasearnálach chun luach ar airgead agus réitigh bunaithe ar cháilíocht a thabhairt chun cinn don FSS agus dá othair agus dá chliaint.

Bhí baint ag stiúrthóireacht soláthair FSS le roghnú agus eisiúint na gconarthaí ar fud na heagraíochta. Tá na conarthaí seo gátarach do sholáthar na seirbhíse. Trí pholasaí caighdeánach a chur i bhfeidhm, ar bhealach aontaithe, cinntíonn an FSS go bhfaigheann sé an luach is fearr ar a chuid airgid.

Tá cur síos ar chuid de na conarthaí a raibh baint ag an stiúrthóireacht soláthair leo thíos.

A) Conarthaí Náisiúnta Bronnta

- Seirbhísí árachais;
  - Frámaíocht comhairleoireachta leighis – ceithre chonradh;
  - Seirbhísí scagdhealaithe;
  - Bronnta as mion-chomórtais;
    1. Athbhreithniú ar úsáid leapacha ag othair chónaitheacha ghéarmhíochaine;
    2. Athbhreithniú ar acmhainn leapacha náisiúnta (Seirbhísí Géamhíochaine); agus
    3. Athbhreithniú ar sheirbhísí géarmhíochaine i limistéir an Deiscirt agus an Iarthair Láir;
       - Earcaíocht idirnáisiúnta ar ghráid teiripe;
       - Othercharranna; agus
       - Drugaí agus cógais – comhaontú leis an tionscal cógaisíochta.

B) Conarthaí Soláthair – Obair atá ar Siúl Faoi Láthair

- Comhlonnú ar ospidéil phríobháideacha;
- Seirbhísí Dlí;
- Bainistiú ar bhreoiteachtaí ainsealacha;
- Soláthar traenála altranais fóiréinseach;
- Leictreachas agus gás nádúrtha;
- Seirbhísí dramhaíola (tí);
- Athbhreithniú agus iniúchadh ar thaifid leighis;

Tábla 21: Buiséad 2005 agus 2006

	2005		2006	
	€'000	%	€'000	%
Oifig Náisiúnta na nOspidéal	3,628,820	33.06%	3,955,907	33.44%
Cúram Príomhúil, Pobail agus Leanúnach agus PCRS san áireamh	6,206,712	56.55%	6,689,205	56.54%
Sláinte an Daonra	66,140	0.60%	69,280	0.59%
Seirbhísí Tacaíochta	530,799	4.84%	573,009	4.84%
Ioncam	543,010	4.95%	543,200	4.59%
Teacht Isteach Iomlán	10,975,481	100.00%	11,830,601	100.00%
Seirbhísí Caipitil	564,063		558,056	
Soláthar Measta Iomlán	11,539,544		12,388,657	

- Trealamh díthruaillíochta;
- Seirbhísí altranais gníomhaireachta;
- Trealamh gaschealla; agus
- Seirbhísí baincéireachta.

Sampla ar leith den dul chun cinn a rinneadh trí sholáthar ar bhonn náisiúnta ba ea an comhaontú ar dhrugaí agus cógais leis an tionscal cógaisíochta. Sábhálfaidh an comhaontú seo €300m ar an tseirbhís sláinte thar thréimhse a beatha.

Eastáit

Tá an Stiúrthóireacht Eastáit freagrach as forbairt agus bainistiú straitéiseach ar an eastát cúraim sláinte. San áireamh anseo tá bainistiú agus Cur i bhFeidhm an Phlean Caipitil agus gach gnó a bhaineann le maoin

Riarann sé an t-eastát cúraim shláinte poiblí atá ann faoi láthair, an bonneagar agus áiseanna le luach athsholáthair de os cionn €10bn acu

Oifig an POF

An ról atá ag Stiúrthóireacht Oifig an POF ná feidhmiú thar ceann an POF agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt don POF agus é ag feidhmiú. Tá méid áirithe feidhmeanna tábhachtacha corparáideacha ag an oifig mar: Oifigí Sláinte Réigiúnacha, Gnóthaí Parlaiminte, Gnóthaí Tomhaltóra agus Cumarsáid. Pléann sé freisin le réimse feidhmeanna tras-stiúrthóireachta, rialachais agus forbartha polasaí mar; Sainghrúpaí Comhairleacha, Léann Leighis, Traenáil agus Taighde, Ceapacháin Comhairleoirí agus caidreamh trasteorainn.

Ionadaíocht Phoiblí

De réir Alt 42 den Acht Sláinte, 2004 bunaíodh ceithre Fhóram Sláinte Réigiúnacha i 2006.

Téann gach fóram os comhair FSS le ceisteanna maidir le réimse seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthraítear i ngach réimse.

Ar na Fóraim Shláinte Réigiúnacha seo tá daoine ainmnithe ó chomhairlí cathrach agus contae ina limistéar tíre féin. Tagann gach fóram le chéile ar a mhéid sé n-uaire sa bhliain. Tá dhá choiste ar a mhéid ag gach fóram, agus tagann gach coiste le chéile ar a mhéid ceithre huaire sa bhliain.

Tábla 22: Gníomhaíochtaí na bhFóram Sláinte Réigiúnach i 2006

Gníomhaíocht	2006
Cruinnithe an Fhóraim	24
Cruinnithe ag fochoistí na bhFóram	32
Ceisteanna curtha faoi bhráid na bhFóram agus freagartha	223
Iarratais faofa ag na Fóraim agus seolta ar aghaidh chuig Oifig an POF	72

Gnóthaí Parlaiminte

Déileálann an Rannóg Gnóthaí Parlaiminte de FSS le hiarratais ar eolas ó bhaill an Oireachtais, de réir Alt 79 den Acht Sláinte, 2004. Tugann Tábla 23 cur síos ar an líon ceisteanna parlaiminteacha a ndearna FSS plé leo i 2005 agus 2006.

Table 23: Ceisteanna a chuir an tAire faoi bhráid FSS

	2005	2006	% Athrú
Líon na gCeisteanna curtha ag an Aire faoi bhráid an FSS	2,645	3,504	+32%

Chnuasaigh an Rannóg eolas le haghaidh díospóireachtaí sa dá Theach den Oireachtas agus do choistí Oireachtais. Thacaigh sé freisin leis an POF agus a fhreagracht á chomhlíonadh aige don Oireachtas.

Faisnéisiú Limistéir do Bhaill an Oireachtais

I 2006, thionóil FSS cruinnithe faisnéisithe limistéir, a riarann na ceithre Oifig Shláinte Réigiúnacha, do bhaill den Oireachtas. Bhí na faisnéisithe seo ann chun eolas cuí a chur ar fáil do bhaill Oireachtais ar cheisteanna faoi sheirbhísí sláinte agus pearsanta sóisialta a bhain lena limistéir tíre féin. Tionóltar na cruinnithe i dTeach Laighean agus bíonn ball den Oireachtas sa chathaoir ar gach ceann. I 2006, tionóladh ocht gcruinniú dá leithéid seo.

Gnóthaí Tomhaltóra

Bainistiú ar Ghearáin san FSS

Tugann Cuid 9 den Acht Sláinte 2004 cur síos ar na riachtanais reachtúla atá le comhlíonadh ag FSS agus soláthraithe seirbhísí bainteacha maidir le bainistiú gearán. Tháinig forálacha an Achta i bhfeidhm an 1 Eanáir 2007.

I measc na rialachán tá riachtanais maidir le:

- hainmniú Oifigigh Ghearán agus Oifigigh Athbhreithnithe;
- forbairt ar nósanna imeachta do FSS agus soláthraithe seirbhíse chun gearáin a bhainistiú;
- frámaí ama le haghaidh bainistiú gearáin; agus
- próiseas athbhreithnithe.

Rannpháirtíocht Tomhaltóirí

Dearadh bileoga agus póstaeir 'Your Service, Your Say', ag míniú do lucht úsáidte na seirbhíse conas tagairtí nó gearáin a dhéanamh leis an FSS. Thosaigh dáileadh ar na bileoga agus póstaeir go gach láthair de chuid FSS i Nollaig 2006.

Tábla 24: Gearáin 2005 agus 2006

Gearáin	2005	2006	% Change
Ospidéil Ghéarmhíochaine	2,241	2,764	+23%
Meabhairshláinte	271	138	-49%
CPPL	784	892	+14%
Eile	353	104	-70%
Iomlán	3,649	3,898	+7%

Suirbhé Náisiúnta ar Chleachtadh Tomhaltóirí i Rannóga Éigeandála

Rinneadh suirbhé náisiúnta ar 'Chleachtadh Tomhaltóirí i Rannóga Éigeandála' i Samhain 2006.

Eagraíocht neamhspleách a reáchtáil an suirbhé: Cumann na hÉireann um Cháilíocht agus Sábháilteacht i gCúram Sláinte, i gcomhar le Coláiste Ríoga Máinlianna na hÉireann agus Ipsos MORI, Ireland (comhlacht taighde speisialta).

Léiríonn na torthaí dúthracht agus díograis na foirne a oibríonn i dtimpeallacht a éilíonn a lán, go pearsanta agus go gairmiúil, de bharr an chineáil seirbhíse atá á sholáthar.

Taispeánann na torthaí na réimsí, freisin, ar féidir feabhas a chur orthu agus ina bhfuil gá le taighde breise.

Staitisticí Gnóthaí Tomhaltóirí 2006

Tábla 25: Achomhairc 2006

Achomhairc	2006
Liúntais Leasa Forlíontacha	6,501
FSS	4,102

The appeals service gives people who are unhappy with a decision of the HSE a right of independent review in relation to schemes and services including: Supplementary Welfare Allowance Payments, Nursing Home Subventions, Medical Cards, Mobility Allowance, Motorised Transport Grant and Housing Aid for the Elderly. All applicants are granted the right to appeal. In respect of Supplementary Welfare Allowance in 2006 there were approximately 120,000 recipients of Supplementary Welfare Allowance with payments of approximately €630m made.

Tábla 26: Iarratais Saorála Faisnéise 2005 agus 2006

	2005	2006	% Athrú
Iarratais Saorála Faisnéise	3,895	3,439	-12%

Cáilíocht agus Riosca

Bhunaigh FSS rannóg Cáilíochta agus Riosca i rith 2006. Ar na forbairtí is mó tá:

- tús le frámaíocht dhearbhaithe riosca;
- forbairt ar ráiteas corparáideach agus sábháilteachta;
- bunú grúpa stiúrtha Cáilíochta agus Riosca Tras-Stiúrthóireachta;
- cur i bhfeidhm nósanna imeachta athbhreithnithe ar theagmhais;
- tús le clár teagmhais náisiúnta; agus

Tá an FSS tiomanta a chinntiú go mbíonn seirbhísí dírithe ar thomhaltóirí. Ceann de na príomhchuspóirí ag Gnóthaí Tomhaltóirí ná córais agus polasaithe láidre a fhorbairt a chinntíonn go gcloistear guth an tomhaltóra. Bunaíodh foireann tionscadail chun Polasaí agus Nósanna Imeachta FSS a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le Bainistiú Gearán. Rinneadh dáileadh náisiúnta ar litríocht, ar bhróisiúir, ar bhileoga, ar lámhleabhair agus ar phóstaeir atá éasca don tomhaltóir a thuiscint ag deireadh 2006 chun cuidiú le tuiscint agus rochtain níos fusa ar an gcóras bainistíochta gearán. I nDeireadh Fómhair 2006, fuair 26 traenálaí ó gach réimse de FSS traenáil sna príomhphrionsabail a bhaineann le bainistiú gearán.

- tionóladh an chéad bhronnadh Gradaim Cáilíochta agus Sábháilteachta Náisiúnta de chuid FSS a thaispeáin cleachtais den chéad scoth agus a mhéadaigh an tuiscint ag lucht bainistíochta ar riosca.

Cumarsáid

Bunaíodh Aonad Cumarsáide Náisiúnta (ACN) an FSS i 2006. Cinntíonn an ACN go gcuirtear cuspóirí straitéiseacha FSS agus a bhforfheidhmiú in iúl go héifeachtach d'fhostaithe na heagraíochta, do pháirtithe leasmhara agus don phobal ar a bhfuil sé ag freastal. Cuireann sé tacaíocht chumarsáide dhíreach agus comhairle ar fáil don lucht ardbhainistíochta agus don fhoireann ar fud na heagraíochta.

Tá an ACN tiomanta cumarsáid fheiliúnach thráthúil éifeachtach a fhorbairt le daoine a fhaigheann seirbhísí ó FSS; idir FSS agus gníomhaireachtaí eile agus i measc na foirne a sholáthraíonn seirbhísí.

Ba iad seo a leanas na príomhchuspóirí cumarsáide a baineadh amach i 2006:

- bunú an Aonaid Chumarsáide Náisiúnta;
- 18,000 iarratas ó na meáin a fhreagairt agus breis is 200 ráiteas nuachta a eisiúint;
- seisiúin faisnéise a sholáthar do na meáin le nuashonraí rialta ó Rannóga Éigeandála san áireamh;
- ceithre heagrán d'irisleabhar foirne FSS "Health Matters" a chur ar fáil;
- tacú agus forbairt ar sheoladh an Chláir Athraithe agus an phacáiste ionduchtaithe foirne;
- an chéad Tuarascáil Bhliantúil ag an FSS a chur ar fáil;
- eolairí seirbhíse a fhorbairt agus a dháileadh do gach ceann de na 32 Oifig Sláinte Áitiúil; agus
- cur i bhfeidhm agus comhordú ar fheachtais eolais phoiblí mar; an Tionscnamh Geimhridh, Cártaí Cuartaíochta DT agus an Feachtas Lámha Glana.

Oideachas, Oiliúint agus Taighde Leighis

Tá FSS aitheanta mar phríomhpháirtí in eagrú, struchtúr, soláthar, bainistiú, comhordú agus maoiniú ar oideachas agus oiliúint leighis fhochéime agus iarchéime. Tharla sé seo tar éis gur foilsíodh agus gur ghlac an Rialtas le Tuarascáil Fottrell, Tuarascáil Buttimer agus foilsiú an dréacht-Bhille um na Lia-Chleachóirí nua.

Dá dheasca seo bhunaigh an POF Coiste Oideachais, Oiliúna agus Taighde Leighis (METR) i 2006 faoi choimirce Stiúrthóir Náisiúnta Oifig an POF.

Ar Choiste METR, le saineolaí seachtrach, An tOllamh M. FitzGerald, sa chathaoir, tá ionadaithe ón NHO, PCCC, Sláinte an Daonra, AD agus Oifig an POF. I measc na dtéarmaí tagartha aige tá forbairt ar fhrámaíocht físe straitéiseach agus polasaí do FSS i dtaca le hoideachas, traenáil agus taighde leighis, ag cur comhairle maidir leis na struchtúir chuí agus socruithe rialachais agus ag breathnú ar na himpleachtaí ag Tuarascáil Fottrel, Tuarascáil Buttimer, agus ag Acht na Lia-Chleachtóirí (leasú), agus an freagra iomchuí ó FSS i gcomhthéacs an pholasaí Rialtais. Oibríonn an Coiste seo le Coiste an Bhoird um Oideachas, Oiliúint agus Taighde.

Chomh maith lena ról straitéiseach, ba é an Coiste seo i 2006 an struchtúr rialachais do bhainistiú an airgid srianta a bhí dáilte go díreach don chéad uair ar na seirbhísí sláinte le haghaidh oideachais agus oiliúna i réimse an leighis. I 2006, thug oifigigh Ghrúpa FSS METR faoi na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas:

- €1.37 milliún faofa i ndeontais ioncaim do Chomhlachtaí Oiliúna larchéime aitheanta;
- €0.5 milliún faofa i miondeontais chaipitil do Chomhlachtaí Oiliúna larchéime aitheanta;
- €1.6 milliún faofa i ndeontais chaipitil do láithreacha cliniciúla i gcomhair áiseanna oideachais agus oiliúna;
- €60,000 faofa mar dheontas don Chomhairle Leighis chun tacú leis an nGréasán Comhordaitheoirí Intéirneacha;
- €220,000 faofa mar dheontas chun go bhféadfadh Grúpa Leabharlannaithe de chuid FSS an fháil atá ar bhunachair sonraí agus iriseáin áirithe a leathnú go gach fostaí den FSS;

Seoladh an Clár Athraithe i 2006. Is i ndiaidh comhairliúcháin leis an bhfoireann a ullmhaíodh é agus is treoir chun athraithe é a thabharfaidh leis cúram agus seirbhís níos fearr d'othair, do chliaint agus do chúramoirí.

- €152,000 faofa mar dheontas don RCSI, RCPI agus ICGP le haghaidh comhairle ghairme agus forbairt ar struchtúir mheantóireachta;
- 10 bpost cliniceora acadúil nua comh-mhaoinithe ag FSS agus ag an Údarás um Ardoideachas faofa i bprionsabal do na cúig scoil leighis; agus
- Tugadh faoi réamhiniúchadh ar áiseanna oideachais agus oiliúna ar láithreacha cliniciúla a fuair go raibh cúpla ceist ann agus srianta ar na láithreacha cliniciúla.

Sainghrúpaí Comhairleacha (SGCacha)

Cuireann na EAGanna ardán lárnach ar fáil do chliniceoirí agus lucht sláinte gairmiúil, d'othair, do chliaint, do bhainisteoirí agus do chúramóirí ionas gur féidir leo páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt agus in athrú seirbhísí cúraim shláinte agus shóisialta ar leith.

Seoladh an Clár Athraithe i 2006. Is i ndiaidh comhairliúcháin leis an bhfoireann a ullmhaíodh é agus is treoir chun athraithe é a thabharfaidh leis cúram agus seirbhís níos fearr d'othair, do chliaint agus do chúramoirí.

Cinnteoidh na grúpaí seo go gcuirtear an saintaithí acu siúd atá páirteach go díreach i soláthar agus fáil seirbhísí i bhfeidhm ar sholáthar seirbhísí i réimsí áirithe.

Bunaíodh ceithre SGC chun comhairle a sholáthar maidir le heagrú agus forbairt seirbhísí sláinte agus pearsanta sóisialta sna réimsí seo a leanas:

- leanaí;
- diaibéiteas;
- meabhairshláinte; agus
- daoine aosta.

Tá forbairt déanta ag gach grúpa, de suas le 20 duine, agus cliniceoir sinsearach mar chathaoirleach, ar réimsí tosaíochta le díriú orthu le linn 2007. Beidh ról lárnach acu i gClár Athraithe FSS agus i bhforbairt polasaí oibríochta do FSS.

Soláthar Foirne Comhairleach Leighis

Aistríodh feidhmeanna Chomhairle na nOspidéal go dtí FSS de réir Alt 57 den Acht Sláinte 2004. Déanann FSS iarratais ar cheapacháin chomhairleora a mheas i gcomhthéacs pholasaí foilsithe an Rialtais ar sheirbhísí sláinte go ginearálta, agus seirbhísí ospidéil go háirithe, Plean Seirbhíse faofa FSS agus athbhreithnithe foilsithe ar réimsí speisialtóireachta áirithe, cosúil le hathbhreithnithe coimisiúnaithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, FSS agus tuarascálacha foilsithe ag Comhairle na nOspidéal agus comhlachtaí eile

Ar 31 Nollaig 2006 bhí 2,144 post comhairleora buan faofa san earnáil phoiblí in Éirinn.

Le linn 2006, rinne FSS faomhadh ar 188 post comhairleora san iomlán. Astu seo, ba phoist nua 125 díobh agus ba phoist athsholáthair 63 díobh. Tá an 125 post nua ar an líon post comhairleora breise is mó dar ceadaíodh riamh i Seirbhís Sláinte na hÉireann in aon bhliain amháin. As an 188 post faofa, bhí 12 faofa mar phoist Catagóir 2 agus 176 faofa mar phoist Catagóir 1.

Bhí an dáileadh ar an 125 post nua i 2006 de réir limistéir riaracháin FSS mar seo a leanas: 38 i mBaile Átha Cliath - Lár Laighean, 18 i mBaile Átha Cliath/Oirthuaisceart, 35 sa Deisceart agus 34 san Iarthar.

Tábla 27: Poist Chomhairleora Nua Faofa 2006 de réir Speisialtachta

	2006
Ainéistéise	13
Leigheas	27
Cnáimhseachas/Gínéiceolaíocht	11
Paiteolaíocht	11
Péidiatraic	7
Síciatracht	31
Raideolaíocht	13
Máinliacht	2
Iomlán na bPost Comhairleora Nua	125

Cabhróidh Sainghrúpaí Comhairleacha (SGCacha) a bhunaigh FSS i 2006 le hothair, dochtúirí, altraí, bainisteoirí agus cúramóirí páirt ghníomhach a bheith acu i bhforbairt agus athrú seirbhísí sláinte agus sóisialta ar leith. Díríonn an chéad cheithre ghrúpa a bunaíodh i 2006 ar sheirbhísí do Dhaoine Aosta, Leanaí, Meabhairshláinte agus Diaibéiteas. Cuireann SGC comhairle ar FSS maidir le heagrú agus forbairt ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta pearsana.

Fíor 10: Méadú bliantúil glan i bpoist chomhairleora:1987 - 2006



Oibriú Trasteorann

Tá FSS ag leanúint ar aghaidh ag cothú nasc le seirbhís sláinte Thuaisceart Éireann tríd an gcomhpháirtíocht trasteorann sláinte agus cúraim Co-operation and Working Together (CAWT).

Aithnítear níos mó agus níos mó anois an tábhacht atá le comhoibriú trasteorann a fheabhsú i gcúram sláinte agus sóisialta chun cabhrú le soláthar seirbhíse sláinte so-aimsithe agus cothrom ar Oileán uile na hÉireann.

Le linn 2006, rinne FSS i gcomhar le Boird Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Iarthair agus an Deiscirt i dTuaisceart Éireann bainistiú ar 37 tionscnamh trasteorann, maoinithe ag an Aontas Eorpach, a théann chun tairbhe díreach do phobail ar an teorainn. Baineann na tionscadail seo le gach réimse seirbhíse ag FSS.

Seo a leanas roinnt samplaí de thionscnaimh nuálaíocha trasteorann atá ar bun faoi láthair:

- seirbhísí cluas, srón agus scornach trasteorann;
- gréasáin dhuánacha trasteorann; agus
- scéim phíolótach DT lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre

Pleananna Cosanta Sláinte Poiblí Trasteorann

Tá forbairt déanta ar phleananna rialaithe trasteorann anois le breathnú agus bainistiú a dhéanamh ar Ghalar na Léigiúnach agus freisin ar bhreoiteachtaí bia-bheirthe i gcomhar le biaslán.

Meabhairshláinte agus Daoine Óga

Chun cabhrú le daoine óga feabhas a chur ar a dtuiscint maidir lena meabhairshláinte féin, d'fhorbair CAWT tionscnamh folláine mothúcháin bunaithe ar an óige dar teideal 'Getting it Together'.

D'oibrigh daoine óga ón dá thaobh den teorainn san Iarthuaisceart i gcomhar le hionadaithe ón National Children's Bureau chun pacáiste acmhainní dea-amharcach ar féidir le daoine óga a úsáid leo féin nó i ngrúpaí a chur ar fáil. Freisin, is féidir le tuismitheoirí, daoine fásta nó lucht gairme a bhuaileann nó a oibríonn le daoine óga é a úsáid.

Sheol an Chomhpháirtíocht um Chothú agus Bia-eolaíocht Pobail Uile Éireann a chéad cháipéis frámaíochta i 2006. Leag an cháipéis seo amach na bealaí ina bhfuil beartaithe ag bia-eolaithe ón dá thaobh den teorainn oibriú níos dlúithe le chéile. Déanfaidh siad forbairt ar chur chuige roinnte maidir le cur chun cinn teachtaireachtaí tábhachtacha faoi chothú do phobal uile na hÉireann laistigh de chomhthéacs na hEorpa agus sainorduithe na hEagraíochta Dhomhanda Sláinte.

Cás-Staidéar

Tír Nua, Cultúr Nua, An Chaoi a ndeachaigh sé i bhfeidhm orm don chéad uair

le Olawale Olanrewaju, Fisiteiripeoir Sinsearach, Sráid Clarence Thuaidh, Baile Átha Cliath.

'Ar deireadh thiar, bhí mé tar éis m'aistear a chríochnú agus an tír tairngire sroichte agam!' ; seo a dúirt mé liom féin, agus mé aineolach ar mar a bhí an scéal i ndáiríre. Bhí mé tar éis ceann scríbe a bhaint amach, agus ní raibh ach dhá rud ag dó na geirbe agam: 'aimsigh post agus faigh tuilleadh oideachais'.

An chéad rud a d'imigh i bhfeidhm orm ná an fuacht agus ansin an cumha, mar nach raibh a fhios agam cathain a fheicfinn mo chlann aírs ná an ghrian thrópaiceach. Bhí sé a 5 a chlog ar maidin agus bhí orm an bus a fháil ag a 6. Bhí taithí agam air seo, mar go mbíodh orm éirí go luath sa bhaile chun an trácht a sheachaint. Lá spéisiúil a bhí ann an chéad lá ag obair, mar go raibh taithí agam ar an suíomh agus na modhanna oibre. An difríocht mhór a bhí ann, ámh, ná go raibh na modhanna i bhfad níos sofaisticiúla ná mar a bhí sa bhaile, cé go raibh an prionsabal cóireála mar an gcéanna. Bhí mo chomhgleacaithe cairdiúil agus ní raibh ach tréimhse ionduchtaithe ghairid ann mar go raibh mo chuid cabhrach de dhíth orthu.

Ar mo thríú lá is cuimhin liom suí liom féin sa cheaintín agus breathnú ar mo chomhghleacaithe ag suí ag ithe ar an taobh eile den seomra. Cheap mé go raibh deireadh leis an bhfáilte agus ag an bpointe sin bhraith mé uaim mo chairde. Ar ámhraí an tsaoil tháinig Oifigeach Tí Síneach chun cainte liom go luath ina dhiaidh sin.

Tá dhá mhórfhadhb ag baint le fisiteiripe sa Nigéir, fadhb shonrach amháin agus fadhb choiteann amháin.

Baineann an chéad fhadhb le heaspa maoinithe. Cuireann sé seo iseach ní hé amháin ar fhisiteiripe ach ar an gcóras sláinte uile. Is féidir leis na daoine saibhre taisteal ar fud an domhain chun teacht ar an gcóireáil is fearr, ach bíonn ar an gcuid eile fanacht agus cur suas le cúram sláinte atá ag titim as a chéile. Is fadhb uilíoch í an dara fadhb - an tóir ar bhailíochtú agus ar chleachtas fianaisebhunaithe, ach tá gá le maoiniú agus le hacmhainní taighde chun é sin a bhaint amach. Tá sé seo ar fáil in Éirinn chomh maith.

Tháinig feabhas ar an scéal agus ar mo shaol nuair a d'aimsigh mé post nua in ainneoin na himirce, na hiomaíochta agus le fabhar bainisteora a thacaigh liom.

Tar éis ceithre mhí, bhí áthas orm a bheith ag obair i réimse a raibh spéis agam ann – is é sin néareolaíocht agus geiriatraic.

Ar deireadh thiar, is fiú a lua go bhfuil comhghleacaithe agus cliaint iontacha agam agus gur thosaigh mé ag staidéar arís. Cén fáth, mar sin, ar tháinig buachaill ó bhaile beag go dtí ceann de na geilleagair is fuinniúla ar domhan? Tagann focail mo mháthar chun cuimhne, inár gcanúint féin; 'cuimhnigh cén sórt mic thú' – is é sin ná déan dearmad riamh ar do bhunús agus ar an áit a bhfuil do thriall.

Cuireadh i gcrích an obair thógála ar Ospidéal Ollscoile Máithreachais Chorcaí i 2006.